



AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA

AN CHOMHAIRLE

Strasbourg, 25 Deireadh Fómhair 2012
(OR. en)

2011/0117 (COD)
LEX 1289

PE-CONS 26/1/12
REV 1

SPG 19
WTO 208
CODEC 1486

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE
LENA GCUIRTEAR I BHFEIDHM SCÉIM UM FHABHAIR
THARAIFE GHINEARÁLAITHE AGUS LENA N-ASIGHAIRTEAR
RIALACHÁN (CE) UIMH. 732/2008 ÓN GCOMHAIRLE**

**RIALACHÁN (AE) Uimh. .../2012 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA
AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

an 25 Deireadh Fómhair 2012

**lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-asighairtear
Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach¹,

¹ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meitheamh 2012 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2012.

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Ó 1971, tá fabhair thrádála á ndeonú ag an gComhphobal do thíortha i mbéal forbartha, faoi chuimsiú a scéime um fhabhair tharaife ghinearálaithe.
- (2) Beidh comhbheartas tráchtála an Aontais bunaithe ar na prionsabail atá leagtha amach sna forálacha ginearálta maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais, arna leagan síos in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), agus saothróidh sé na cuspóirí atá leagtha amach sna forálacha ginearálta sin.
- (3) Is í aidhm an Aontais comhbheartais agus gníomhaíochtaí a shainiú agus iad a shaothrú chun tacú le forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha i mbéal forbartha, agus é mar phríomhaidhm deireadh a chur leis an mbochtaineacht.
- (4) Beidh comhbheartas tráchtála an Aontais i gcomhréir le cuspóirí bheartas an Aontais i réimse an chomhair um forbairt agus neartóidh sé na cuspóirí sin, cuspóirí arna leagan síos in Airteagal 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go háirithe deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus forbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas i dtíortha i mbéal forbartha a chur chun cinn. Comhlíonfaidh sé ceanglais na hEagraíochta Trádála Domhanda (ETD), go háirithe leis an gCinneadh maidir le Cóir Dhifreálach agus Níos Fabhraí, Cómhálartacht agus Rannpháirtíocht Níos Iomláine i ndáil le Tíortha i mBeál Forbartha (an 'Clásal Cumasaithe'), a glacadh faoin gComhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáilí (CGTT) i 1979, faoina bhféadfaidh Comhaltaí ETD cóir dhifreálach atá níos fabhraí a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha.

- (5) Maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Iúil 2004 dar teideal 'Tíortha i mbéal forbartha, trádáil idirnáisiúnta agus forbairt inbhuanaithe: feidhmiú scéim ghinearálaithe an Chomhphobail um fhabhair (GSP) don tréimhse deich mbliana 2006 go 2015' leagan sí amach treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm na scéime um fhabhair tharaife ghinearálaithe don tréimhse 2006 go 2015.
- (6) Le Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle an 22 Iúil 2008 lena ndéantar céim um fhabhair tharaife ghinearálaithe don tréimhse ón 1 Eanáir 2009 a chur i bhfeidhm¹, arna fhadú ag Rialachán (AE) Uimh 512/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle², fóráiltear do chur i bhfeidhm na scéime um fhabhair tharaife ghinearálaithe ('an scéim') go dtí 31 Nollaig 2013 nó go dtí go gcuirtear an scéim faoin Rialachán seo i bhfeidhm, cibé acu is túsce. Ina dhiaidh sin, ba cheart go bhfanfadh an scéim i bhfeidhm ar feadh tréimhse 10 mbliana ó dháta chur i bhfeidhm na bhfabhar dá bhforáiltear sa Rialachán seo, cé is moite den socrú speisialta do na tíortha is lú forbairt, mar ar cheart go bhfanfadh an scéim i bhfeidhm ina leith siúd gan aon dáta éaga.
- (7) Trí bhíthin rochtain fhabhrach a thabhairt ar mhargadh an Aontais, ba cheart go mbeadh an scéim ina cabhair ag tíortha i mbéal forbartha ina ndícheall an bhochtaineacht a laghdú agus dea-rialachas agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn trí chuidiú a thabhairt dóibh ioncam breise a ghiniúint ón trádáil idirnáisiúnta, ioncam is féidir a ath-infheistiú ina dhiaidh sin ar mhaithe lena bhforbairt féin agus, sa bhreis air sin, chun a ngeilleagair a éagsúlú. Ba cheart fhabhair tharaife na scéime a bheith dírithe ar chuidiú a thabhairt do tíortha i mbéal forbartha a bhfuil na riachtanais forbartha, trádála agus airgeadais is mó acu.

¹ IO L 211, 6.8.2008, lch. 1.

² IO L 145, 31.5.2011, lch. 28.

- (8) Is é atá sa scéim aon socrú ginearálta amháin, agus dhá shocrú speisialta.
- (9) Ba cheart an socrú ginearálta a dheonú do na tíortha i mbéal forbartha go léir a bhfuil riachtanas forbartha den chineál céanna acu agus a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíoch comhchosúil acu. Na tíortha sin atá aicmithe ag an mBanc Domhanda mar tíortha ardioncain nó ard-mheánioncain, tá leibhéal ioncain per capita acu a fhágann gur féidir leo leibhéal éagsúlaithe níos airde a bhaint amach d'uireasa fhabhair tharaife na scéime. Tá sna tíortha sin geilleagar ar éirigh leo geilleagar margaidh a dhéanamh den gheilleagar láraithe a bhí acu. Ní hionann a riachtanais forbartha, trádála agus airgeadais agus riachtanais na dtíortha eile atá i mbéal forbartha; tá siad ag céim eile ina bhforbairt eacnamaíoch, i.e. níl siad sa chaoi chéanna leis na tíortha atá i mbéal forbartha ach atá i gcaoi níos leochailí; agus, chun idirdhealú dochosanta a sheachaint, ní mór cóir dhifriúil a chur orthu. Thairis sin, an úsáid a bhaineann tíortha ardioncain nó ard-mheánioncain as fabhair tharaife a sholáthraítear faoin scéim, géaraíonn sí ar an mbrú iomaíochta a bhíonn ar onnmhairí ó na tíortha níos boichte agus níos leochailí, rud a d'fhéadfadh, dá bhrí sin, a bheith ina ualach gan údar ar na tíortha i mbéal forbartha atá níos leochailí. Cuirtear san áireamh sa socrú ginearálta go mbíonn na riachtanais forbartha, trádála agus airgeadais ag athrú agus áirithítear leis an socrú go bhféadfar é a athrú má thagann athrú ar dhálaí tíre.

Ar mhaithe le comhsheasmhacht, níor cheart na fabhair tharaife a dheonaítear faoin socrú ginearálta a shíneadh chun go gcumhdófar tíortha i mbéal forbartha a thairbhíonn de shocrú leis an Aontas maidir le rochtain fhabhrach ar an margadh, lena soláthraítear ar a laghad an leibhéal céanna fabhar taraife agus a sholáthraíonn an scéim i gcás mórán gach cineál trádála. Chun am a thabhairt do thír is tairbhí agus d'oibreoírí eacnamaíocha oiriúnú ordúil a dhéanamh, ba cheart leanúint de bheith ag deonú an tsocraithe ghinearálta go ceann dhá bhliain amhail ón dáta a ndéantar socrú maidir le rochtain fhabhrach ar an margadh a chur i bhfeidhm agus ba cheart an dáta sin a bheith sonraithe sa liosta de tíortha is tairbhíthe den socrú ginearálta.

- (10) Maidir leis na tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 agus maidir leis na tíortha a thairbhíonn de rochtain fhabhrach uathrialaitheach ar mhargadh an Aontais faoi Rialachán (CE) Uimh. 732/2008, Rialachán (CE) Uimh. 55/2008 ón gComhairle an 21 Eanáir 2008 lena dtugtar isteach fabhair uathrialacha trádála do Phoblacht na Moldóive¹ agus Rialachán (CE) Uimh. 2007/2000 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2000 lena dtugtar isteach bearta eisceachtúla trádála do thíortha agus do chríocha atá páirteach i bPróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais an Aontais Eorpaigh nó atá bainteach leis², ba cheart a mheas go bhfuil siad incháilithe don scéim. Críocha thar lear atá comhlachaithe leis an Aontas agus tíortha agus críocha thar lear de chuid tíortha nach bhfuil liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 732/2008, níor cheart a mheas go bhfuil siad incháilithe don scéim.

¹ IO L 20, 24.1.2008, lch. 1.

² IO L 240, 23.9.2000, lch. 1.

- (11) Tá an socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas bunaithe ar choincheap dílis na forbartha inbhuanaithe mar atá sé aitheanta ag coinbhinsiúin agus ag ionstraimí idirnáisiúnta amhail Dearbhú na Náisiún Aontaithe (NA) maidir leis an gCeart chun Forbartha 1986, Dearbhú Rio maidir leis an gComhshaoil agus Forbairt 1992, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair 1998, Dearbhú Mílaoise na Náisiún Aontaithe 2000, agus Dearbhú Johannesburg maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe 2002. Dá bhrí sin, ba cheart na fabhair tharaife bhreise a sholáthraítear faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a dheonú do na tíortha sin i mbéal forbartha atá leochaileach toisc easpa éagsúlaithe agus toisc gan iad a bheith lánpháirtithe a ndóthain sa chóras idirnáisiúnta trádála, chun cuidiú leo na hualaigh agus na freagrachtaí speisialta a ghlacadh, ar ualaigh agus freagrachtaí iad a thagann as daingniú agus cur i bhfeidhm éifeachtach coinbhinsiún bunúsach idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus cearta saothair, le cosaint an chomhshaoil agus le dea-rialachas.
- (12) Ba cheart fabhair a bheith ceaptha chun tuilleadh fáis eacnamaíoch a spreagadh, agus trína bhíthin sin freagairt go dearfach don ghá atá le forbairt inbhuanaithe. Faoin socrú speisialta dreasachta, ba cheart na taraifí ad valorem a fhionraí dá bhrí sin i gcás na dtíortha is tairbhíthe lena mbaineann. Ba cheart na dleachtanna sonracha a fhionraí freisin, mura rud é go bhfuil siad comhcheangailte le dleacht ad valorem.

- (13) Tíortha a chomhlíonann na ceanglais incháilitheachta maidir leis an socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas, ba cheart go bhféadfaidís tairbhiú de na fabhair tharaife bhreise más rud é, ar iarratas a chur isteach dóibh, go gcineann an Coimisiún gur chomhlíonadh na coinníollacha ábhartha. Ba cheart go bhféadfaí iarratais a chur isteach amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Tíortha a thairbhíonn d'fhabhair tharaife na scéime faoi Rialachán (CE) Uimh. 732/2008, ba cheart dóibh freisin iarratas nua a chur isteach.
- (14) Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar stádas dhaigniú na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le cearta daonna agus oibre, cosaint an chomhshaoil agus dea-rialachas agus ar a gcur i bhfeidhm éifeachtach, trí scrúdú a dhéanamh ar chonclúidí agus moltaí na gcomhlachtaí ábhartha faireacháin arna mbunú faoi na coinbhinsiúin sin (na comhlachtaí ábhartha faireacháin). Gach dhá bhliain, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le stádas dhaigniú na gcoinbhinsiún faoi seach, maidir le conas atá na tíortha is tairbhithe ag comhlíonadh aon oibleagáidí tuairiscithe faoi na coinbhinsiúin sin, agus maidir le stádas chur i bhfeidhm éifeachtach na gcoinbhinsiún.
- (15) Tá na tuarascálacha ó na comhlachtaí faireacháin ábhartha riachtanach chun faireachán a dhéanamh ar fhabhair agus chun fabhair a aistarraingt. Féadfar na tuarascálacha sin a fhorlíonadh, áfach, le foinse eile faisnéise, ar choinníoll go bhfuil siad cruinn agus iontaofa. Gan dochar d'fhoinsí eile, d'fhéadfaí a áireamh leis sin faisnéis ón tsochaí shibhialta, ó chomhpháirtithe sóisialta, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

- (16) Faoin socrú speisialta do na tíortha is lú forbairt, ba cheart leanúint de bheith ag deonú rochtana saor ó dhleacht ar mhargadh an Aontais do tháirgí de thionscamh na dtíortha is lú forbairt, de réir mar a aithníonn agus a aicmíonn na NA iad, seachas i gcás na trádála in airm. I gcás tíre nach bhfuil aicmithe a thuilleadh ag na NA mar thír is lú forbairt, ba cheart idirthréimhse a bhunú, ionas go maolófar aon éifeachtaí díobhálacha a thagann as baint na bhfabhar taraifí a dheonaítear faoin socrú seo. Faoin socrú speisialta do na tíortha is lú forbairt, ba cheart leanúint de bheith ag deonú fabhar taraife do na tíortha sin is lú forbairt a thairbhíonn de shocrú eile leis an Aontas maidir le rochtain fhabhrach ar an margadh.
- (17) Chun comhchuibheas a áirithiú leis na forálacha atá sna Comhaontuithe um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch maidir le rochtain ar an margadh i gcás an tsiúcra, ba cheart ceadúnas onnmhairiúcháin a bheith de cheangal ar onnmhairithe earraí atá faoi cheannteideal 1701 den Chomhtharfaif Chustaim go dtí an 30 Meán Fómhair 2015.
- (18) A fhad a bhaineann leis an socrú ginearálta, ba cheart an t-idirdhealú idir fabhair tharaife do tháirgí neamhíogaire agus fabhair tharaife do tháirgí íogaire a choimeád, chun cás na n-earnálacha a mhonaraíonn na táirgí céanna san Aontas a chur san áireamh.
- (19) Ba cheart leanúint de dhleachtanna Comhtharaife Custaim a fhionraí i gcás táirgí neamhíogaire, ach i gcás táirgí íogaire ba cheart laghdú taraife a bheith ann chun ráta sásúil úsáide a áirithiú agus san am céanna cás na dtionscal comhfhreagrach san Aontas a chur san áireamh.

- (20) Ba cheart laghdú taraife den sórt sin a bheith tarraingteach a dhóthain chun trádálaithe a spreagadh le leas a bhaint as na deiseanna a chuireann an scéim ar fáil. Dá bhrí sin, ba cheart na dleachtanna ad valorem a laghdú le ráta comhréidh de 3,5 pointe céatadáin ó ráta dleachta na 'náisiún barrfhabhair', agus ba cheart dleachtanna den sórt sin do theicstílí agus d'earraí teicstíle a laghdú 20 %. Ba cheart dleachtanna sonracha a laghdú le 30 %. I gcás ina ndéantar dleacht íosta a shonrú, níor cheart go mbeadh feidhm ag an dleacht íosta sin.
- (21) Ba cheart dleachtanna a fhionraí go huile is go hiomlán i gcás inar dleacht ad valorem 1 % nó níos lú nó dleacht sonrach EUR 2 nó níos lú atá mar thoradh ar chóir fhabhrach do dhearbhuí allmhaire aonair, ós rud é go bhféadfadh sé go mbeadh costas na dleachtanna sin a bhailiú níos mó ná an t-ioncam a ghnóthófaí.
- (22) Ba cheart grádúchán a bheith bunaithe ar chritéir a bhaineann le ranna agus caibidlí na Comhtharfaife Custaim. Ba cheart feidhm a bheith ag grádúchán maidir le roinn nó fóroinn ionas go mbeidh níos lú cásanna ann ina ndéanfar grádúchán ar tháirgí ilghnéitheacha. Ba cheart grádúchán ranna nó foranna (arna comhdhéanamh de chaibidlí) le haghaidh tíre is tairbhí a chur i bhfeidhm nuair a chomhlíonann an roinn na critéir ghrádúcháin ar feadh trí bliana as a chéile, chun intuarthacht agus cothroime an ghrádúcháin a mhéadú trí bhíthin an éifeacht atá ag athrúcháin mhóra agus eisceachtúla sa staidreamh maidir le hallmhairí a dhíchur. Níor cheart go mbeadh feidhm ag grádúchán maidir leis na tíortha a thairbhíonn den socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas ná maidir leis na tíortha a thairbhíonn den socrú speisialta do na tíortha is lú forbairt ós rud é go bhfuil a bpróifíl eacnamaíoch an-chosúil lena chéile, rud a fhágann leochaileach iad mar gheall ar bhonn onnmhairiúcháin íseal neamhéagsúlaithe.

- (23) Chun a áirithiú nach dtairbheidh den scéim ach na tíortha sin atá ceaptha tairbhiú di, ba cheart feidhm a bheith ag na fabhair tharaife a ndéantar foráil dóibh sa Rialachán seo agus ag na rialacha maidir le tionscnamh earraí, arna leagan síos i Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún an 2 Iúil 1993 lena leagtar síos forálacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle lena mbunaítear Comhtharaif Chustaim an Chomhphobail¹.
- (24) Maidir leis na cúiseanna chun na socruithe faoin scéim a aistarraingt go sealadach, ba cheart a áireamh orthu sáruithe tromchúiseacha agus córasacha ar na prionsabail atá leagtha síos i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta áirithe a bhaineann le bunchearta daonna agus oibre, ionas go ndéanfáí cuspóirí na gcoinbhinsiúin sin a chur chun cinn. Ba cheart fabhair tharaife faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a tharraingt siar go sealadach más rud é nach n-urramóidh an tír is tairbhí an gealltanais ceangailteach atá uirthi daingniú agus cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiúin sin a choimeád nó na ceanglais tuairiscithe a fhorchuirtear leis na coinbhinsiúin faoi seach a chomhlíonadh, nó i gcás nach gcomhoibreoidh an tír is tairbhí le nósanna imeachta faireacháin an Aontais de réir mar a leagtar amach sa Rialachán seo iad.
- (25) I ngeall ar an staid pholaitiúil i mBurma/Maenmar agus sa Bhealarúis, ba cheart aistarraingt shealadach gach fabhair tharaife a bhaineann le hallmhairithe táirgí de thionscnamh Bhurma/Mhaenmar nó na Bealarúise a choimeád.

¹ IO L 253, 11.10.1993, lch. 1.

- (26) Chun cothromaíocht a bheith ann idir an gá atá le fócasú níos fearr, comhchuibheas agus trédhearcacht níos mó, ar an taobh amháin, agus forbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a chur chun cinn níos fearr trí scéim um fhabhair trádála aontaobhach, ar an taobh eile, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean don Choimisiún maidir le leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo agus maidir le haistarraingtí sealadacha fabhar taraife i ngeall ar gan prionsabail na forbartha inbhuanaithe agus an dea-rialachais a chomhlíonadh, agus chomh maith leis sin maidir leis na rialacha níos imeachta a bhaineann le hiarratais a chur isteach ar na fábhair tharaife arna ndeonú faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas agus maidir le haistarraingt shealadach agus imscrúduithe cosanta a sheoladh chun socrúithe teicniúla aonfhoirmeacha agus mionsonraithe a bhunú. Tá tábhachtach ar leith leis go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a tharchur Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (27) Chun creat cobhsaí a sholáthar d'oibreoírí eacnamaíocha, ba cheart an chumhacht chun gníomh a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le cinneadh maidir le haistarraingt shealadach faoin níos imeachta práinne a aisghairm sula dtiocfaidh an cinneadh sin maidir le socrú do thír is tairbhí a aistarraingt go sealadach i bhfeidhm, i gcás nach mbíonn feidhm a thuilleadh leis na cúiseanna a thugann údar le haistarraingt shealadach.

- (28) Chun coiníollacha comhionanna a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún¹.
- (29) Ba cheart an nós imeachta comhairliúcháin a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le fabhair tharaife ranna áirithe de GSP a fhionraí i leith tíortha is tairbhíthe agus maidir le nós imeachta um aistarraingt shealadach a thionscnamh, ag cur san áireamh cineál agus tionchar na ngníomhartha sin.
- (30) Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le himscrúduithe cosanta agus maidir le socrúithe fabhracha a fhionraí i gcás ina bhféadfadh allmhairí a bheith ina gcúis le mórshuaitheadh i margaí an Aontais.

¹ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

- (31) Chun sláine agus feidhmiú ordúil na scéime a áirithiú, ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo a bhaineann le haistarraingtí sealadacha de bharr neamhchomhlíonadh nósanna imeachta agus oibleagáidí custaim, go n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne.
- (32) Chun creat cobhsaí a sholáthar d'oibreoírí eacnamaíochta, déanfaidh an Coimisiún, tráth a dtiocfaidh deireadh leis an uastréimhse de shé mhí, gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo a bhaineann le haistarraingtí sealadacha a fhoirceannadh nó a fhadú de bharr neamhchomhlíonadh nósanna imeachta agus oibleagáidí a bhaineann le cúrsaí custaim, go n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne.
- (33) Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh freisin más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí tugtha leo agus a bhaineann le himscrúduithe cosanta, go n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne a bhaineann le meathlú staid eacnamaíochta agus/nó airgeadais tháirgeoírí an Aontais a bheadh deacair lena chur ina cheart.

- (34) Ba cheart don Choimisiún tuairisciú go tráthrialta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le héifeachtaí na scéime faoin Rialachán seo. Cúig bliana tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir lena fheidhmiú agus measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an scéim, lena n-áirítear an socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas agus na fóralacha maidir le haistarraingt shealadach fabhar taraife, ag cur san áireamh an comhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus réimse na gcaighdeán idirnáisiúnta i ndáil le trédhearcacht agus malartú faisnéise i gcúrsaí cánach. Ag tuairisciú dó, ba cheart don Choimisiún na himpleachtaí a bheadh ann do riachtanais forbartha, trádála agus airgeadais na dtairbhíthe a chur san áireamh. Ba cheart anailís mhionsonraithe ar thionchar an Rialacháin seo ar thrádáil agus ar ioncam taraife an Aontais a áireamh sa tuarascáil freisin, agus aird ar leith á tabhairt ar na héifeachtaí a bheadh aige ar na tíortha is tairbhíthe. I gcás inarb infheidhme, ba cheart comhlíonadh reachtaíocht shláintíochta agus fhíteashláintíochta an Aontais a mheasúnú freisin. Ba cheart anailís ar éifeachtaí na scéime ó thaobh gnéithe den inbhuanaitheacht agus allmhairithe bithbhreoslaí a bheith sa tuarascáil freisin.
- (35) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

1. Beidh feidhm ag an scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe (an 'scéim') i gcomhréir leis an Rialachán seo.
2. Déantar fóráil sa Rialachán seo do na fabhair tharaife seo a leanas faoin scéim:
 - (a) socrú ginearálta;
 - (b) socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas (GSP+); agus
 - (c) socrú speisialta do na tíortha is lú forbairt (Aon rud Seachas Airm (ASA)).

Airteagal 2

Chun críocha an Rialacháin seo:

- (a) ciallaíonn 'GSP' an Scéim Ghinearálaithe Fabhar lena dtugann an tAontas rochtain fhabhrach ar a mhargadh trí aon cheann de na socrúithe fabhair dá dtagraítear in Airteagal 1(2);
- (b) ciallaíonn 'tíortha' tíortha agus críocha a bhfuil riarachán custaim acu;
- (c) ciallaíonn 'tíortha incháilithe' gach tír i mbéal forbartha atá liostaithe in Iarscríbhinn I;
- (d) ciallaíonn 'tíortha is tairbhíthe de GSP' tíortha a thairbhíonn den socrú ginearálta arna liostú in Iarscríbhinn II;
- (e) ciallaíonn 'tíortha is tairbhíthe de GSP+' tíortha a thairbhíonn den socrú speisialta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas arna liostú in Iarscríbhinn III;
- (f) ciallaíonn 'tíortha is tairbhíthe den scéim GRSA' tíortha a thairbhíonn den socrú speisialta dreasachta do na tíortha is lú forbairt arna liostú in Iarscríbhinn IV;
- (g) ciallaíonn 'Dleachtanna Comhtharaife Custaim' na dleachtanna atá sonrúithe i gCuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Custaim¹, seachas na dleachtanna sin atá a bhunaítear mar chuid de chuótaí taraife;

¹ IO L 256, 7.9.1987, lch. 1.

- (h) ciallaíonn 'roinn' aon cheann de na ranna den Chomhtharaif Chustaim arna leagan síos le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87;
- (i) ciallaíonn 'caibidil' aon cheann de na caibidlí den Chomhtharaif Chustaim arna leagan síos le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87;
- (j) ciallaíonn 'roinn de GSP' roinn arna liostú in Iarscríbhinn V agus atá bunaithe ar bhonn ranna agus caibidlí den Chomhtharaif Chustaim;
- (k) ciallaíonn 'socrú maidir le rochtain fhabhrach ar an margadh' rochtain fhabhrach ar mhargadh an Aontais trí chomhaontú trádála, a chuirtear i bhfeidhm go sealadach nó atá i bhfeidhm cheana, nó trí fhabhair uathrialaitheacha arna ndeonú ag an Aontas;
- (l) ciallaíonn 'cur chun feidhme éifeachtach' cur chun feidhme iomlán na ngealltanais agus na n-obleagáidí go léir arna ngabháil ar láimh faoi na coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear in Iarscríbhinn VIII, á áirithiú ar an dóigh sin go gcomhlíonfar gach prionsabal, cuspóir agus ceart a ráthaítear iontu.

Airteagal 3

1. Tá bunaithe in Iarscríbhinn I liosta tíortha is incháilithe.
2. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmlighte a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun Iarscríbhinn I a leasú chun athruithe ar stádas idirnáisiúnta nó ar aicmiú tíortha a chur san áireamh.

3. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do thír incháilithe lena mbaineann maidir le haon athruithe ábhartha ar stádas na tíre sin faoin scéim.

CAIBIDIL II

Socrú ginearálta

Airteagal 4

1. Tairbheoidh tír incháilithe de na fabhair tharaife a sholáthraítear faoin socrú ginearálta dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2) mura rud é:
 - (a) gur aicmigh an Banc Domhanda í mar thír ardioncaim nó ard-mheánioncaim ar feadh trí bliana as a chéile díreach sular tugadh liosta na dtíortha is tairbhithe cothrom le dáta; nó
 - (b) go dtairbhíonn sí de shocrú maidir le rochtain fhabhrach ar an margadh a sholáthraíonn na fabhair tharaife chéanna leis an scéim, nó fabhair tharaife níos fearr, i gcás gach cineál trádála beagnach.
2. Ní bheidh feidhm ag pointe (a) ná ag pointe (b) de mhír 1 maidir leis na tíortha is lú forbairt.
3. Gan dochar do phointe (b) de mhír 1, ní bheidh feidhm ag pointe (a) de mhír 1 go dtí an ...*, i gcás tíortha a mbeidh, faoin ...**, a n-inisealacha curtha acu le comhaontú leis an Aontas maidir le rochtain fhabhrach iltaobhach ar an margadh, lena soláthraítear an leibhéal céanna fabhair tharaife agus a soláthraítear leis an scéim, nó fabhair tharaife níos fearr, i gcás mórán gach cineál trádála, ach ar comhaontú é nach bhfuil á chur i bhfeidhm fós.

* IO: Cuir isteach le do thoil - an dáta dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

** IO: Cuir isteach le do thoil - dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 5

1. Tá bunaithe in Iarscríbhinn II liosta tíortha is tairbhithe de GSP a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 4.
2. Faoin 1 Eanáir gach bliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Iarscríbhinn II. Ionas go mbeidh am ag tíortha is tairbhithe de GSP agus ag oibreoirí eacnamaíocha oiriúnú ordúil a dhéanamh d'athruithe ar stádas na tíre faoin scéim:
 - (a) beidh feidhm ag an gcinneadh tír is tairbhí a bhaint de liosta na dtíortha is tairbhithe de GSP, i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo agus ar bhonn phointe (a) d'Airteagal 4(1), amhail ón dáta a bheidh ann bliain amháin i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh sin;
 - (b) beidh feidhm ag an gcinneadh tír is tairbhí a bhaint de liosta na dtíortha is tairbhithe de GSP, i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo agus ar bhonn phointe (b) d'Airteagal 4(1), amhail ón dáta a bheidh ann dhá bhliain i ndiaidh dháta chur i bhfeidhm socrú maidir le rochtain fhabhrach ar an margadh.
3. Chun críocha mhír 1 agus mhír 2 den Airteagal seo, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun Iarscríbhinn II a leasú ar bhonn na gcritéar a leagtar síos in Airteagal 4.

4. Tabharfaidh an Coimisiún fógra don tír is tairbhí de GSP lena mbaineann maidir le haon athruithe ábhartha ar stádas na tíre sin faoin scéim.

Airteagal 6

1. Tá liostaithe in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo na táirgí atá ar áireamh sa socrú ginearálta dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2).
2. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú chun athruithe a ionchorprú a bhfuil gá leo de thoradh leasuithe ar an Ainmníocht Chomhcheangailte.

Airteagal 7

1. Déanfar dleachtanna Comhtharaife Custaim ar tháirgí a liostaítear in Iarscríbhinn V mar tháirgí neamhíogaire a fhionraí ina n-iomláine, seachas i gcás comhpháirteanna talmhaíochta.
2. Maidir le dleachtanna ad valorem Comhtharaife Custaim ar tháirgí a liostaítear in Iarscríbhinn V mar tháirgí íogaire, laghdófar iad le 3,5 pointe céatadáin. I gcás táirgí faoi roinn GSP S-11a agus roinn GSP S-11b d'Iarscríbhinn V, 20 % a bheidh sa laghdú sin.

3. Más rud é, le rátaí dleachta fabhracha, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 agus ar bhonn na ndleachtanna Comhtharaife Custaim ad valorem is infheidhme ar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, go bhforáiltear do laghdú tarairfe níos mó ná 3,5 pointe céatadáin i gcás na dtáirgí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag na rátaí fabhracha sin.
4. Déanfar dleachtanna sonracha Comhtharaife Custaim, amach ó dhleachtanna íosta nó uasta, ar tháirgí a liostaítear in Iarscríbhinn V mar tháirgí íogaire a laghdú 30 %.
5. I gcás ina bhfuil dleachtanna ad valorem agus dleachtanna sonracha ar áireamh i ndleachtanna Comhtharaife Custaim ar tháirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn V mar tháirgí íogaire, ní laghdófar na dleachtanna sonracha.
6. I gcás ina sonraítear dleacht uasta sna dleachtanna a laghdaítear i gcomhréir le mír 2 agus le mír 4, ní laghdófar an dleacht uasta sin. I gcás ina sonraítear dleacht íosta sna dleachtanna sin, ní bheidh feidhm ag an dleacht íosta sin.

Airteagal 8

1. Déanfar na fabhair tharaife dá dtagraítear in Airteagal 7 a fhionraí maidir le táirgí ó roinn GSP ar de thionscnamh tíre is tairbhí de GSP iad nuair a sháraíonn, ar feadh trí bliana as a chéile, meánluach allmhairithe táirgí den sórt sin ón tír sin is tairbhí de GSP chuig an Aontas na tairseacha a liostaítear in Iarscríbhinn VI. Déanfar na tairseacha a ríomh mar chéatadán de luach iomlán allmhairithe na dtáirgí céanna, isteach san Aontas, ó na tíortha is tairbhithe de GSP uile.
2. Sula gcuirtear i bhfeidhm na fabhair tharaife dá bhforáiltear sa Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(2), liosta de ranna GSP dá bhfuil na fabhair tharaife dá dtagraítear in Airteagal 7 fionraithe i leith tíre is tairbhí de GSP. Beidh feidhm ag an ngníomh cur chun feidhme sin amhail ón 1 Eanáir 2014.
3. Gach trí bliana, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an liosta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, agus déanfaidh sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(2), chun na fabhair tharaife dá dtagraítear in Airteagal 7 a fhionraí nó a athbhunú. Beidh feidhm ag an ngníomh cur chun feidhme sin amhail ón 1 Eanáir den bhliain tar éis a theacht i bhfeidhm.

4. Déanfar an liosta dá dtagraítear i mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo a bhunú ar bhonn na sonraí a bheidh ar fáil an 1 Meán Fómhair den bhliain ina ndéantar an t-athbhreithniú agus ar bhonn sonraí an dá bhliain roimh bhliain an athbhreithnithe. Cuirfear san áireamh san athbhreithniú allmhairithe ó thíortha is tairbhithe de GSP a liostaítear in Iarscríbhinn II, faoi mar a bheidh sí infheidhme an tráth sin. Ní chuirfear san áireamh, áfach, luach allmhairithe ó thíortha is tairbhithe de GSP, ar tíortha iad, ar dháta chur i bhfeidhm an fhionraithe, nach dtairbhíonn a thuilleadh de na fabhair tharaife faoi phointe (b) d'Airteagal 4(1).
5. Tabharfaidh an Coimisiún fógra don tír lena mbaineann maidir leis an ngníomh a glacadh i gcomhréir le mír 2 agus le mír 3.
6. Aon uair a leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 4, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 36 chun Iarscríbhinn VI a leasú chun na modúlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn sin a choigeartú ionas go gcoimeádfáidh ranna na dtáirgí grádaithe arna sainmhíniú i mír 1 den Airteagal seo an t-ualach coibhneasta céanna.

CAIBIDIL III

Socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas

Airteagal 9

1. Féadfaidh tír is tairbhí de GSP tairbhiú de na fabhair tharaife arna soláthar faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 1(2) más rud é:
 - (a) go meastar go bhfuil sí leochaileach toisc easpa éagsúlaithe agus toisc gan í a bheith lánpháirtithe a dóthain sa chóras idirnáisiúnta trádála, arna shainmhíniú in Iarscríbhinn VII;
 - (b) go bhfuil na coinbhinsiúin go léir a liostaítear in Iarscríbhinn VIII (na 'coinbhinsiúin ábhartha') daingnithe aici agus nach bhfuil aon mhainneachtain thromchúiseach i gcur chun feidhme éifeachtach aon cheann de na coinbhinsiúin sin sainaitheanta sna conclúidí is deireannaí atá ar fáil ó na comhlachtaí faireacháin sin (na 'comhlachtaí ábhartha faireacháin') faoi na coinbhinsiúin sin.
 - (c) maidir le haon cheann de na coinbhinsiúin ábhartha, nach bhfuil forchoimeádas leagtha amach aici a thoirmisctear le haon cheann de na coinbhinsiúin sin nó, chun críocha an Airteagail seo, a mheastar gan a bheith comhoiriúnach le haidhm agus cuspóir an chonbhinsiúin sin.

Chun críocha an Airteagail seo, ní mheasfár nach bhfuil forchoimeádais comhoiriúnach le haidhm agus cuspóir an choinbhinsiúin mura rud é:

- (i) gur cinneadh amhlaidh le próiseas a leagadh amach go sainráite chuige sin faoin gcoinbhinsiún; nó
 - (ii) d'uireasa an phróisis sin, go ndearna an tAontas agus é mar pháirtí sa choinbhinsiún, agus/nó tromlach cáilithe na mBallstát ar páirtithe iad sa choinbhinsiún, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach mar atá bunaithe sna Conarthaí, agóid i gcoinne an fhorchoimeádais ar an mbonn nach bhfuil sé comhoiriúnach le haidhm agus cuspóir an choinbhinsiúin agus gur chuir siad i gcoinne theacht i bhfeidhm an choinbhinsiúin mar atá idir iad agus an stát a bhfuil an forchoimeádas aige i gcomhréir le forálacha Choinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí.
- (d) go ndéanann sí gealltanais ceangailteach daingniú na gcoinbhinsiún ábhartha a choimeád agus cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún sin a áirithiú;
 - (e) go nglacann sí gan forchoimeádas na ceanglais tuairiscithe a fhorchuireann gach coimbhinsiún agus go dtugann sí gealltanais ceangailteach glacadh le faireachán agus athbhreithniú tráthrialta ar a teist cur chun feidhme i gcomhréir le forálacha na gcoinbhinsiún ábhartha; agus
 - (f) go dtugann sí gealltanais ceangailteach páirt a ghlacadh sa nós imeachta faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 13 agus comhoibriú maidir leis an nós imeachta sin.

2. Aon uair a leasaítear Iarscríbhinn II, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 36 chun Iarscríbhinn VII a leasú chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tairseach leochaileachta a liostaítear i bpointe 1(b) d'Iarscríbhinn VII ionas go gcoimeádfar, go coibhneasach, ualach céanna na tairsí leochaileachta arna ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn VII.

Airteagal 10

1. Déanfar an socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a dheonú má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) go bhfuil iarraidh ina leith déanta ag tír is tairbhí de GSP; agus
 - (b) go léiríonn scrúdú ar an iarraidh sin go gcomhlíonann an tír iarrthach na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 9(1).
2. Is i scríbhinn a chuirfidh an tír iarrthach a hiarraidh faoi bhráid an Choimisiúin. Soláthrófar san iarraidh faisnéis chuimsitheach maidir le daingniú na gcoinbhinsiún ábhartha agus áireofar san fhaisnéis sin na gealltanais cheangailteacha dá dtagraítear i bpointe (d), i bpointe (e) agus i bpointe (f) d'Airteagal 9(1).
3. Tar éis dó iarraidh a fháil, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

4. Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun Iarscríbhinn III a bhunú nó a leasú chun socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a dheonú do tír iarrthach tríd an tír sin a chur le liosta na dtíortha is tairbhithe de GSP+.
5. I gcás nach gcomhlíonann tír is tairbhí de GSP+ a thuilleadh na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (c) d'Airteagal 9(1) nó i gcás ina n-aistarraingíonn sí aon cheann dá gealltanais cheangailteacha dá dtagraítear i bpointe (d), i bpointe (e) agus i bpointe (f) d'Airteagal 9(1), cumhachtófar don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú chun an tír sin a bhaint de liosta na dtíortha is tairbhithe de GSP+.
6. Tabharfaidh an Coimisiún fógra don tír iarrthach maidir le haon chinneadh a dhéantar i gcomhréir le mír 4 agus le mír 5 den Airteagal seo tar éis Iarscríbhinn III a leasú agus a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Nuair a dheonaítear an socrú speisialta dreasachta don tír iarrthach, cuirfear in iúl di an dáta a dtiocfaidh an gníomh tarmligthe atá i gceist i bhfeidhm.
7. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun rialacha a bhunú a bhaineann leis an nós imeachta chun an socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a dheonú, go háirithe maidir le spriocdhátaí agus maidir le hiarrataí a chur isteach agus a phróiseáil.

Airteagal 11

1. Liostaítear in Iarscríbhinn IX na táirgí atá ar áireamh sa socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas.
2. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun Iarscríbhinn IX a leasú chun leasuithe ar an Ainmníocht Chomhcheangailte a dhéanann difear do na táirgí atá liostaithe san Iarscríbhinn sin a chur san áireamh.

Airteagal 12

1. Déanfar dleachtanna ad valorem Comhtharaife Custaim ar gach táirge a liostaítear in Iarscríbhinn IX agus atá de thionscnamh tíre is tairbhí de GSP+ a fhionraí.
2. Déanfar dleachtanna sonracha Comhtharaife Custaim ar tháirgí dá dtagraítear i mír 1 a fhionraí ina n-iomláine, ach amháin i gcás táirgí a bhfuil dleachtanna ad valorem ar áireamh ina ndleachtanna Comhtharaife Custaim. I gcás táirgí arb é 1704 10 90 a gcód Ainmníochta Comhcheangailte, is é 16 % den luach custaim an teorainn a bheidh leis an dleacht shonrach.

Airteagal 13

1. Amhail ón dáta a dheonaítear na fabhair tharaife arna soláthar faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú leanúnach ar stádas dhaingniú na gcoinbhinsiún ábhartha agus déanfaidh sé faireachán ar a gcur chun feidhme éifeachtach, agus ar an gcomhar leis na comhlachtaí faireacháin ábhartha, trí scrúdú a dhéanamh ar chonclúidí agus ar mholtaí na gcomhlachtaí faireacháin sin.
2. Sa chomhthéacs seo, comhoibreoídh tír is tairbhí de GSP+ leis an gCoimisiún agus soláthróidh sí gach faisnéis is gá chun measúnú a dhéanamh ar a hurramú i leith na ngealltanais ceangailteach dá dtagraítear i bpointe (d), i bpointe (e) agus i bpointe (f) d'Airteagal 9(1) agus ar a suíomh maidir le pointe (c) d'Airteagal 9(1).

Airteagal 14

1. Faoin 1 Eanáir 2016, agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, tío lacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le stádas dhaingniú na gcoinbhinsiún ábhartha, maidir le conas atá na tíortha is tairbhíthe de GSP+ ag comhlíonadh aon oibleagáidí tuairiscithe faoi na coinbhinsiúin sin, agus maidir le stádas chur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún sin.
2. Áireofar na nithe seo a leanas sa tuarascáil sin:
 - (a) conclúidí nó moltaí comhlachtaí ábhartha faireacháin i leith gach tíre is tairbhí de GSP+; agus

- (b) conclúidí an Choimisiúin maidir le cé acu atá nó nach bhfuil gach tír is tairbhí de GSP+ ag urramú na ngealltanais ceangailteach atá uirthi oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh, comhoibriú leis na comhlachtaí faireacháin ábhartha i gcomhréir leis na coinbhinsiúin ábhartha agus cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún sin a áirithiú.

Féadfaidh aon eolas a mheasann an Coimisiún a bheith ábhartha a bheith sa tuarascáil.

3. Agus é ag teacht ar chonclúidí maidir le cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún ábhartha, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chonclúidí agus ar mholtaí na gcomhlachtaí ábhartha faireacháin agus, gan dochar d'fhoinsí eile, ar fhaisnéis arna cur isteach ag tríú páirtithe, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, comhpháirtithe sóisialta, Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle.

Airteagal 15

1. Déanfar an socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a aistarraingt go sealadach, maidir le gach táirge nó maidir le táirgí áirithe de thionscnamh tíre is tairbhí de GSP+, más rud é, sa chleachtas, nach n-urramaíonn an tír sin a gealltanais cheangailteacha amhail dá dtagraítear i bpointe (d), i bpointe (e) agus i bpointe (f) d'Airteagal 9(1), nó go bhfuil forchoimeádas leagtha amach ag an tír is tairbhí de GSP+ atá toirmisceithe le haon cheann de na coinbhinsiúin ábhartha nó nach mbeadh comhoiriúnach le haidhm agus cuspóir an choinbhinsiúin sin de réir mar a shuítear amhlaidh i bpointe (c) d'Airteagal 9(1).

2. Is ar an tír is tairbhí de GSP+ a bheidh an dualgas cruthúnais i dtaca lena bhfuil sí ag comhlíonadh a hoibleagáidí a thig as gealltanais dá dtagraítear i bpointe (d), i bpointe (e) agus i bpointe (f) d'Airteagal 9(1), agus i dtaca lena suíomh amhail dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 9(1).

3. Más rud é, bíodh sé ar bhonn chonclúidí na tuarascála dá dtagraítear in Airteagal 14 nó ar bhonn na fianaise atá ar fáil, go bhfuil amhras réasúnach ar an gCoimisiún nach bhfuil tír is tairbhí de GSP+ ar leith ag urramú a gealltanais ceangailteach dá dtagraítear i bpointe (d), i bpointe (e) agus i bpointe (f) d'Airteagal 9(1), nó go bhfuil forchoimeádas leagtha amach aige atá toirmisce le haon cheann de na coinbhinsiúin ábhartha nó nach bhfuil comhoiriúnach le haidhm agus cuspóir an choinbhinsiúin sin de réir mar a shuítear amhlaidh i bpointe (c) d'Airteagal 9(1), déanfaidh sé, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(2), gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun tús a chur leis an nós imeachta um aistarraingt shealadach na bhfabhar taraife arna soláthar faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir leis sin.

4. Foilseoidh an Coimisiún fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus tabharfaidh sé fógra ina leith don tír is tairbhí de GSP+ lena mbaineann. San fhógra sin:
- (a) luafar na forais leis an amhras réasúnach maidir le comhlíonadh na ngealltanas ceangailteach arna ndéanamh ag an tír is tairbhí de GSP+ dá dtagraítear i bpointe (d), i bpointe (e) agus i bpointe (f) d'Airteagal 9(1), nó maidir le forchoimeádas a bheith ann atá toirmisce the ag aon cheann de na coinbhinsiúin ábhartha nó nach bhfuil comhoiriúnach le haidhm agus cuspóir an choibhinsiúin sin de réir mar a shuítear amhlaidh i bpointe (c) d'Airteagal 9(1), ar forais iad a d'fhéadfadh a thabhairt faoi cheist ceart na tíre sin leanúint de bheith ag tairbhiú de na fabhair tharaife arna soláthar faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas; agus
 - (b) sonrú far an tréimhse, ar tréimhse í nach bhféadfaidh a bheith níos faide ná sé mhí ó dháta foilsithe an fhógra, a gcuirfidh an tír is tairbhí de GSP+ a cuid barúlacha isteach lena linn.
5. Tabharfaidh an Coimisiún gach áiméar don tír is tairbhí lena mbaineann a bheith ag comhoibriú le linn na tréimhse dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 4.
6. Lorgóidh an Coimisiún gach faisnéis a mheasann sé gá a bheith léi lena n-áirítear, inter alia, conclúidí agus moltaí na gcomhlachtaí ábhartha faireacháin. Agus é ag teacht ar chonclúidí, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar gach faisnéis ábhartha.

7. Laistigh de trí mhí tar éis don tréimhse arna sonrú san fhógra a dhul in éag, cinnfidh an Coimisiún:
 - (a) an nós imeachta um aistarraingt shealadach a fhoirceannadh; nó
 - (b) na fabhair tharaife arna soláthar faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a aistarraingt go sealadach.
8. I gcás ina measann an Coimisiún nach dtugann na fionnachtana údar maith le haistarraingt shealadach, glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme chun an nós imeachta um aistarraingt shealadach a fhoirceannadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(2). Beidh an gníomh cur chun feidhme sin bunaithe inter alia ar an bhfianaise a fhaightear.
9. I gcás ina measann an Coimisiún go dtugann na fionnachtana údar maith le haistarraingt shealadach ar na cúiseanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, cumhachtófar dó, i gcomhréir le hAirteagal 36, gníomhartha tarmlichte a ghlacadh chun Iarscríbhinn III a leasú chun na fabhair tharaife dá bhforáiltear faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialú a ndéantar tagairt dóibh i bpointe (b) d'Airteagal 1(2) a aistarraingt go sealadach.
10. I gcás ina gcinneann an Coimisiún ar aistarraingt shealadach, beidh éifeacht ag gníomh tarmlichte den sórt sin sé mhí tar éis é a ghlacadh.

11. I gcás nach bhfuil na cúiseanna a thugann údar maith leis an aistarraingt shealadach infheidhme a thuilleadh sula ngabhfaidh éifeacht leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 9 den Airteagal seo, cumhachtófar don Choimisiún an ngníomh tarmligthe maidir leis na fabhair tharaife a aistarraingt go sealadach a aisghairm i gcomhréir leis an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 37.
12. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun rialacha a bhunú a bhaineann leis an nós imeachta um aistarraingt shealadach an tsocraithe speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas go háirithe maidir le spriocdhátaí, cearta na bpáirtithe, rúndacht agus athbhreithniú.

Airteagal 16

I gcás ina gcinneann an Coimisiún nach bhfuil feidhm a thuilleadh leis na cúiseanna a thug údar maith le haistarraingt shealadach na bhfabhar taraife, amhail dá dtagraítear in Airteagal 15(1), cumhachtófar dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun Iarscríbhinn III a leasú chun na fabhair tharaife arna soláthar faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas a athbhunú.

CAIBIDIL IV

Socrú speisialta do na tíortha is lú forbairt

Airteagal 17

1. Tairbheoidh aon tír incháilithe, amhail a liostaítear in Iarscríbhinn I, de na fabhair tharaife arna soláthar faoin socrú speisialta do na tíortha is lú forbairt, dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 1(2), má tá an tír sin sainaitheanta ag na NA mar thír is lú forbairt.
2. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú leanúnach ar liosta na dtíortha is tairbhithe den scéim GRSA ar bhonn na faisnéise is deireanaí atá ar fáil. I gcás nach gcomhlíonann tír is tairbhí den scéim GRSA a thuilleadh na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun Iarscríbhinn IV a leasú chun an tír a bhaint de liosta na dtíortha is tairbhithe den scéim GRSA tar éis idirthréimhse trí bliana amhail ón dáta ar tháinig an gníomh tarmligthe i bhfeidhm.
3. Fad is atáthar ag feitheamh ar thír nua neamhspleách a bheith sainaitheanta ag na NA mar thír is lú forbairt, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun Iarscríbhinn IV a leasú mar bheart idirlinne chun tír den sórt sin a chur ar liosta na dtíortha is tairbhithe den scéim GRSA.

Mura mbeidh tír nua neamhspleách den sórt sin sainaitheanta ag na NA mar thír is lú forbairt le linn an chéad athbhreithnithe a bheidh ar fáil ar chatagóir na dtíortha is lú forbairt, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh láithreach, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun Iarscríbhinn IV a leasú chun an tír sin a bhaint ón Iarscríbhinn sin, d'uireasa an idirthréimhse dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

4. Tabharfaidh an Coimisiún fógra don tír is tairbhí den scéim GRSA lena mbaineann maidir le haon athruithe ar a stádas sin faoin scéim.

Airteagal 18

1. Fionrófar ina n-iomláine dleachtanna Comhtharaife Custaim ar na táirgí uile a liostaítear i gCaibidil 1 go Caibidil 97 den Ainmníocht Chomhcheangailte, seachas iad sin i gCaibidil 93, ar táirgí iad atá de thionscnamh tíre is tairbhí den scéim GRSA.
2. Amhail ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 30 Meán Fómhair 2015, éileofar ceadúnas allmhairiúcháin i gcomhair allmhairithe táirgí atá faoi cheannteideal taraife 1701 den Chomhtharaif Chustaim.
3. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(3), rialacha mionsonraithe a ghlacadh chun na forálacha dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a chur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 195 de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i gcás táirgí áirithe talmhaíochta (an Rialachán maidir le CEM aonair)¹.

¹ IO L 299, 16.11.2007, lch. 1.

CAIBIDIL V

Forálacha maidir le haistarraingt shealadach is coiteann do gach socrú

Airteagal 19

1. Féadfar na socrúithe fábhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a aistarraingt go sealadach, maidir le gach táirge de thionscnamh tíre is tairbhí nó cuid díobh, ar aon cheann de na cúiseanna seo a leanas:
 - (a) sárú tromchúiseach córasach na bprionsabal atá leagtha síos sna coinbhinsiúin a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn VIII;
 - (b) onnmhairiú earraí a dhéantar i bpríosúin;
 - (c) easpaí tromchúiseacha sa rialú custaim a dhéantar ar onnmhairiú nó ar iompar drugaí (substaintí aindleathacha nó réamhtheachtaithe), nó gan coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le sciúradh airgid a chomhlíonadh;
 - (d) cleachtais mhíchóra trádála atá tromchúiseach agus córasach, lena n-áirítear cleachtais a dhéanann difear do sholáthar amhábhhar, a bhfuil éifeacht dhíobhálach acu ar thionscal an Aontais, agus ar cleachtais iad nár leigheas an tír is tairbhí. Maidir leis na cleachtais mhíchóra trádála sin atá toirmisceithe nó inchaingne faoi Chomhaontuithe an ETD, is ar chinneadh ina leith sin arna dhéanamh roimhe sin ag an gcomhlacht inniúil den ETD a bhunófar cur i bhfeidhm an Airteagail seo.

(e) sárú tromchúiseach agus córasach na gcuspóirí arna nglacadh ag Eagraíochtaí Réigiúnacha Iascaigh nó ag aon socrúithe idirnáisiúnta maidir le caomhnú agus bainistiú acmhainní iascaigh a bhfuil an tAontas ina pháirtí de.

2. Ní dhéanfar na socrúithe fabhracha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a aistarraingt faoi phointe (d) de mhír 1 maidir le táirgí atá faoi réir beart frithdhumpála nó frithchúitimh faoi Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle an 11 Meitheamh 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheontais ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad¹, nó Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad², ar na cúiseanna a thugann údar maith leis na bearta sin.
3. I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil forais leordhóthanacha ann a thugann údar maith le haistarraingt shealadach na bhfabhar taraife arna soláthar faoi aon socrú fabhrach dá dtagraítear in Airteagal 1(2) ar bhonn na gcúiseanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme chun tús a chur leis an nós imeachta um aistarraingt shealadach i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(2). Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir leis an ngníomh cur chun feidhme sin.

¹ IO L 188, 18.7.2009, lch. 93.

² IO L 343, 22.12.2009, lch. 51.

4. Foilseoidh an Coimisiún fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* lena bhfógrófar thionscnamh an nós imeachta um aistarraingt shealadach, agus tabharfaidh sé fógra ina leith sin don tír is tairbhí lena mbaineann. San fhógra sin:
 - (a) tabharfar forais leordhóthanacha, dá dtagraítear i mír 3, don chinneadh cur chun feidhme maidir le nós imeachta um aistarraingt shealadach a thionscnamh; agus
 - (b) luafar go ndéanfaidh an Coimisiún faireachán agus meastóireacht ar chás na tíre is tairbhí lena mbaineann go ceann sé mhí tar éis dáta foilsithe an fhógra.
5. Tabharfaidh an Coimisiún gach áiméar don tír is tairbhí lena mbaineann a bheith ag comhoibriú le linn thréimhse an fhaireacháin agus an mheasúnaithe.
6. Lorgóidh an Coimisiún gach faisnéis a mheasann sé gá a bheith léi, inter alia na measúnuithe, na barúlacha, na cinntí, na moltaí agus na conclúidí a bheidh le fáil ó na comhlachtaí ábhartha faireacháin, de réir mar is iomchuí. Agus é ag teacht ar chonclúidí, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar gach faisnéis ábhartha.
7. Laistigh de thrí mhí tar éis don thréimhse dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 4 a dhul in éag, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir lena fhionnachtana agus a chonclúidí a chur faoi bhráid na tíre is tairbhí lena mbaineann. Tá ag an tír sin an ceart barúlacha a chur isteach maidir lena bhfuil sa tuarascáil. An thréimhse a bhféadfar barúlacha a chur isteach lena linn, ní bheidh sí níos faide ná aon mhí amháin.

8. Laistigh de shé mhí tar éis don tréimhse dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 4 a dhul in éag, déanfaidh an Coimisiún cinneadh:
- (a) an nós imeachta um aistarraingt shealadach a fhoirceannadh; nó
 - (b) na fabhair tharaife arna soláthar faoi na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a aistarraingt go sealadach.
9. I gcás ina measann an Coimisiún nach dtugann na fionnachtana údar maith le haistarraingt shealadach, déanfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(2), maidir leis an nós imeachta um aistarraingt shealadach a fhoirceannadh.
10. I gcás ina measann an Coimisiún go dtugann na fionnachtana údar maith le haistarraingt shealadach ar na cúiseanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, cumhachtófar dó, i gcomhréir le hAirteagal 36, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn II, Iarscríbhinn III nó Iarscríbhinn IV, cibé acu is infheidhme, a leasú chun na fabhair tharaife dá bhforáiltear faoi na socruithe fabhair a ndéantar tagairt dóibh in Airteagal 1(2) a aistarraingt go sealadach.
11. I gcás ceachtar de na cásanna dá dtagraítear i mír 9 agus i mír 10, beidh an gníomh a glacadh bunaithe inter alia ar an bhfianaise a fhaightear.
12. I gcás ina gcinneann an Coimisiún ar aistarraingt shealadach, beidh éifeacht gníomh cur chun feidhme den sórt sin sé mhí tar éis é a ghlacadh.

13. I gcás nach bhfuil na cúiseanna a thugann údar maith leis an aistarraingt shealadach infheidhme a thuilleadh roimh theacht i bhfeidhm an ghnímh chur chun feidhme dá dtagraítear i mír 10 den Airteagal seo, cumhachtófar don Choimisiún an gníomh a glacadh maidir le haistarraingt shealadach na bhfabhar taraife a aisghairm i gcomhréir leis an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 37.
14. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun rialacha a bhunú a bhaineann leis an nós imeachta um aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na socraithe uile, go háirithe maidir le spriodhataí, cearta na bpáirtithe, rúndacht agus athbhreithniú.

Airteagal 20

I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún nach bhfuil feidhm a thuilleadh leis na cúiseanna a thug údar maith le haistarraingt shealadach na bhfabhar taraife dá dtagraítear in Airteagal 19(1), cumhachtófar dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun Iarscríbhinn II, Iarscríbhinn III nó Iarscríbhinn IV, cibé acu is infheidhme, a leasú chun na fabhair tharaife arna soláthar faoi na socruithe fabhair dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a athbhunú.

Airteagal 21

1. Féadfar na socruithe fabhracha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a aistarraingt go sealadach, maidir le gach táirge de thionscnamh tíre is tairbhí nó maidir le cuid díobh, i gcás calaoise, mírialtachtaí nó mainneachtana córasaí na rialacha a bhaineann le tionscnamh táirgí agus na nósanna imeachta a bhaineann leis na rialacha sin a chomhlíonadh, nó mainneachtana féachaint chuig a gcomhlíonadh, nó i gcás mainneachtana an comhar riaracháin a cheanglaítear a bheith ann i dtaca le cur chun feidhme agus faireachán na socruithe fabhair dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a dhéanamh.
2. An comhar riaracháin dá dtagraítear i mír 1, cuireann sé de cheangal ar thír is tairbhí an méid seo a leanas, inter alia, a dhéanamh:
 - (a) an fhaisnéis is gá chun na rialacha maidir le tionscnamh a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh ar na rialacha sin a chur chuig an gCoimisiún agus an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta;
 - (b) cuidiú leis an Aontas trí bhíthin fíorú iardain a dhéanamh, arna iarraidh sin d'údaráis chustaim na mBallstát, ar thionscnamh na n-earraí, agus torthaí an fhíoraithe sin a chur in iúl in am don Choimisiún;
 - (c) cuidiú leis an Aontas trí bhíthin cead a thabhairt don Choimisiún, agus é ag comhordú a chuid oibre i ndlúthchomhar le húdaráis inniúla na mBallstát, misin chomhoibrithe riaracháin agus imscrúdaitheacha an Aontais a dhéanamh sa tír sin, chun barántúlacht doiciméad a fhíorú nó chun cruinneas faisnéise atá ábhartha do dheonú na socruithe fabhracha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a fhíorú;

- (d) fiosrúcháin iomchuí a dhéanamh, nó a chur á ndéanamh, chun sáruithe ar na rialacha maidir le tionscnamh a shainaithint agus a chosc;
 - (e) na rialacha maidir le tionscnamh a bhaineann le carnadh réigiúnach, de réir bhrí Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93, a chomhlíonadh, nó féachaint lena gcomhlíonadh, má thairbhíonn an tír de; agus
 - (f) cuidiú leis an Aontas cineál iompair a fhíorú i gcás ina dtoimhdítear calaois a bhaineann le tionscnamh a bheith ann, lena bhféadfaí a thoimhdiú go bhfuil calaois ann i gcás gur mó i bhfad leibhéal na n-allmhairithe táirgí faoi na socruithe fabhracha dá bhforáiltear sa Rialachán seo ná gnáthleibhéal onnmhairithe táirgí na tíre is tairbhí.
3. I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil fianaise leordhóthanach ann a thugann údar maith le haistrarraingt shealadach ar na cúiseanna a leagtar amach i mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo, cinnfidh sé i gcomhréir leis an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 39(4) na fábhair tharaife dá bhforáiltear faoi na socruithe fábhair a dtagraítear dóibh in Airteagal 1(2) a aistrarraingt go sealadach, maidir le gach táirge de thionscnamh tíre is tairbhí nó maidir le cuid díobh.
4. Sula ndéanfaidh sé cinneadh den sórt sin, foilseoidh an Coimisiún ar dtús fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* á rá go bhfuil fórais d'amhras réasúnach ann i leith chomhlíonadh mhír 1 agus mhír 2 lena bhféadfaí an ceart atá ag an tír is tairbhí leanúint de bheith ag tairbhiú de na sochair a dheonaíonn an Rialachán seo a thabhairt faoi cheist.
5. Cuirfidh an Coimisiún an tír is tairbhí lena mbaineann ar an eolas maidir le haon chinneadh a dhéantar i gcomhréir le mír 3, sula ngabhfaidh éifeacht leis an gcinneadh sin.

6. Ní bheidh tréimhse na haistarraingthe sealadaí níos faide ná sé mhí. Ar a dhéanaí, ar dhul in éag don tréimhse sin, cinnfidh an Coimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 39(4) an aistarraingt shealadach a fhoirceannadh nó an tréimhse don aistarraingt shealadach a fhadú.
7. An fhaisnéis ábhartha uile a d'fhéadfadh údar maith a thabhairt le haistarraingt shealadach na bhfabhar taraife nó lena fadú, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún í.

CAIBIDIL VI

Forálacha maidir le cosaint agus faireachas

ROINN I

COSAINTÍ GINEARÁLTA

Airteagal 22

1. I gcás ina ndéantar táirge de thionscnamh tíre is tairbhí d'aon cheann de na socruithe fábhair dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a allmhairiú i méideanna agus/nó ar phraghsanna is cúis nó is baol a bheith ina gcúis le deacrachtaí móra do tháirgeoirí an Aontais a tháirgeann táirgí cosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach leis an táirge sin, féadfar gnáthdhleachtanna Comhtharaife Custaim ar an táirge sin a thabhairt isteach athuir.

2. Chun críche na Caibidle seo, ciallaíonn 'táirge cosúil' táirge atá mar a chéile leis an táirge i gceist, i.e. ar cosúil gach gné de leis an táirge i gceist, nó in éagmais táirge den sórt sin, táirge eile, cé nach cosúil gach gné de leis an táirge i gceist, a bhfuil a shaintréithe an-chosúil le saintréithe an táirge i gceist.
3. Chun críche na Caibidle seo, ciallaíonn 'páirtithe leasmhara' na páirtithe sin a bhfuil baint acu le táirgeadh, dáileadh agus/nó díol na n-allmhairí a luaitear i mír 1 agus táirgí cosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach leo.
4. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 36, chun rialacha a bhunú maidir leis an nós imeachta chun bearta ginearálta cosanta a ghlacadh, go háirithe maidir le spriocdhátaí, cearta na bpáirtithe, rúndacht, nochtadh, fíorú, cuairteanna agus athbhreithniú.

Airteagal 23

Measfar deacrachtaí móra a bheith ann i gcás ina dtiocfaidh meathlú ar chúinsí eacnamaíocha agus/nó airgeadais tháirgeoirí an Aontais. Agus cinneadh á dhéanamh ag an gCoimisiún an bhfuil meathlú den sórt sin ann, cuirfidh sé, inter alia, na fachtóirí seo a leanas maidir le táirgeoirí an Aontais san áireamh, i gcás ina mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil:

- (a) sciar den mhargadh;
- (b) táirgeadh;
- (c) stoic;
- (d) cumas táirgthe;
- (e) cásanna féimheachta;
- (f) brabúsacht;
- (g) úsáid an chumais táirgthe;
- (h) fostaíocht;
- (i) allmhairí;
- (j) praghsanna.

Airteagal 24

1. Imscrúdóidh an Coimisiún ar cheart gnáthdhleachtanna na Comhtharaife Custaim a thabhairt isteach athuir má tá fianaise leordhóthanach prima facie ann go bhfuil coinníollacha Airteagal 22(1) á gcomhlíonadh.
2. Tionscnófar imscrúdú arna iarraidh sin ag Ballstát, ag aon duine dlítheanach nó ag aon chomhlachas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige, ag gníomhú dó thar ceann tháirgeoirí an Aontais, nó tionscnófar é ar thionscnamh an Choimisiúin féin más léir don Choimisiún go bhfuil fianaise leordhóthanach prima facie ann, arna chinneadh ar bhonn na bhfachtóirí dá dtagraítear in Airteagal 23, chun údar maith a thabhairt leis an tionscnamh sin. An iarraidh imscrúdú a thionscnamh, beidh inti fianaise go bhfuil na coinníollacha maidir leis an mbeart cosanta atá leagtha amach in Airteagal 22(1) a fhorchur á gcomhlíonadh. Cuirfear an iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin. Imscrúdóidh an Coimisiún, a mhéid is féidir, cruinneas agus leormhaithe na fianaise arna soláthar san iarraidh chun a chinneadh an bhfuil fianaise leordhóthanach prima facie ann chun údar maith a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh.
3. Más rud é gur léir go bhfuil fianaise leordhóthanach prima facie ann chun údar maith a thabhairt le himeachtí a thionscnamh, foilseoidh an Coimisiún fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Déanfar an tionscnamh laistigh d'aon mhí amháin ón iarraidh de bhun mhír 2 a fháil. Má thionscnaítear imscrúdú, tabharfaidh an fógra na mionsonraí uile is gá faoin nós imeachta agus faoi spriocdhátaí, lena n-áirítear dul ar iontaoibh Oifigigh Éisteachta Ard-Stiúrthóireacht Trádála an Choimisiúin Eorpaigh.

4. Déanfar imscrúdú, lena n-áirítear na céimeanna nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25, Airteagal 26 agus Airteagal 27, a thabhairt chun críche laistigh de 12 mhí óna thionscnamh.

Airteagal 25

Ar chúiseanna práinne a bhfuil údar cuí tugtha leo agus a bhaineann le meathlú chúinsí eacnamaíocha agus/nó airgeadais tháirgeoirí an Aontais, agus i gcás ina bhféadfadh moill damáiste a dhéanamh a bheadh deacair a chur ina cheart, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a mbeidh feidhm láithreach acu a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 39(4) chun gnáthdhleachtanna Comhtharaife Custaim a thabhairt isteach an athuair ar feadh tréimhse suas le 12 mhí.

Airteagal 26

I gcás ina léiríonn na fíorais, faoi mar a shuífear go críochnaitheach iad, go bhfuil na coinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 22(1) á gcomhlíonadh, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun dleachtanna Comhtharaife Custaim a thabhairt isteach an athuair i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(3). Tiocfaidh an gníomh cur chun feidhme sin i bhfeidhm laistigh d'aon mhí amháin ó dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 27

I gcás ina léireoidh na fíorais, faoi mar a shuífear go críochnaitheach iad, nach bhfuil na coinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 22(1) á gcomhlíonadh, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena gcuirfear deireadh leis an imscrúdú agus leis na himeachtaí i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(3). Foilseofar an gníomh cur chun feidhme sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Measfar deireadh a bheith tagtha leis an imscrúdú mura bhfoilseofar aon ghníomh cur chun feidhme laistigh den tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 24(4) agus rachaidh aon bhearta coisctheacha práinneacha in éag go huathoibríoch. Aon dleachtanna Comhtharaife Custaim a bhaileofar de bharr na bhforálacha sealadacha sin, déanfar é a aisíoc.

Airteagal 28

Tabharfar dleachtanna na Comhtharaife Custaim isteach an athuair a fhad a bheidh gá leo chun meathlú chúinsí eacnamaíocha agus/nó airgeadais tháirgeoirí an Aontais a fhritháireamh, nó a fhad a bheidh baol ann go mairfidh meathlú den sórt sin. Ní rachaidh an tréimhse dá dtabhairt isteach athuair thar trí bliana, mura rud é go ndéanfar an tréimhse sin a fhadú i gcúinsí a bhfuil údar cuí tugtha leo.

ROINN II
COSAINTÍ IN EARNÁLACHA NA DTEICSTÍLÍ,
NA TALMHAÍOCHTA AGUS AN IASCAIGH

Airteagal 29

1. Gan dochar do Roinn I den Chaibidil seo, déanfaidh an Coimisiún, an 1 Eanáir gach bliain agus ar a thionscnamh féin agus i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(2), gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun na fabhair tharaife dá dtagraítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 12 a bhaint maidir leis na táirgí a thagann faoi Roinn S-11a agus Roinn S-11b GSP d'Iarscríbhinn V nó maidir le táirgí a thagann faoi chóid 2207 10 00, 2207 20 00, 2909 19 10, 3814 00 90, 3820 00 00, agus 3824 90 97 na hAinmníochta Comhcheangailte, i gcás ina bhfuil allmhairithe na dtáirgí sin, arna liostú in Iarscríbhinn V nó in Iarscríbhinn IX faoi seach, cibé acu is infheidhme, de thionscnamh tíre is tairbhí agus:
 - (a) i gcás ina dtagann méadú 13,5 % ar a laghad ar iomlán na n-allmhairithe i gcainníocht (de réir toirte), i gcomparáid leis an mbliain féilire roimhe sin; nó
 - (b) maidir le táirgí i roinn S-11a agus i roinn S-11b GSP d'Iarscríbhinn V, i gcás sáraíonn, i rith aon tréimhse 12 mhí, iomlán na n-allmhairithe an cion dá dtagraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VI de luach allmhairithe an Aontais de tháirgí i roinn S-11a agus i roinn S-11b GSP d'Iarscríbhinn V ó na tíortha agus na críocha uile a liostaítear in Iarscríbhinn II.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir le tíortha is tairbhíthe den scéim GRSA, ná ní bheidh feidhm aici maidir le tíortha nach bhfuil a gcion de na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 29(1) níos mó ná 6 % d'allmhairithe iomlána an Aontais de na táirgí céanna a liostaítear in Iarscríbhinn V nó in Iarscríbhinn IX, cibé acu is infheidhme.
3. Gabhfaidh éifeacht le baint na bhfabhar taraife dhá mhí tar éis dháta foilsithe an ghnímh ón gCoimisiún chuige sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 30

Gan dochar do Roinn I den Chaibidil seo, i gcás ina mbeidh allmhairithe táirgí atá áirithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE ina gcúis nó inar baol iad a bheith ina gcúis, le suaitheadh tromchúiseach i margaí an Aontais, go háirithe i gceann amháin nó níos mó de na réigiúin is forimeallaí nó i sásraí rialála na margaí sin, déanfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin ag Ballstát agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an gcoiste a phléann le comheagraíocht ábhartha an mhargaidh sa talmhaíocht nó san iascach, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun na socrúithe fabhracha a fhionraí i dtaca leis na táirgí lena mbaineann i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(3).

Airteagal 31

Cuirfidh an Coimisiún an tír is tairbhí lena mbaineann ar an eolas a luaithe is féidir maidir le haon chinneadh a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 29 nó le hAirteagal 30 sula ngabhfaidh éifeacht leis an gcinneadh sin.

ROINN III
FAIREACHAS IN EARNÁLACHA NA DTEICSTÍLÍ,
NA TALMHAÍOCHTA AGUS AN IASCAIGH

Airteagal 32

1. Gan dochar do Roinn I den Chaibidil seo, féadfar táirgí a thagann faoi Chaibidil 1 go Caibidil 24 den Chomhtharaif Chustaim mar atá leagtha síos le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, ar táirgí de thionscnamh tíortha is tairbhíthe iad, a chur faoi réir sásra speisialta faireachais, chun suaitheadh i margaí an Aontais a sheachaint. Déanfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin ag Ballstát agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an gcoiste a phléann le comheagraíocht ábhartha an mhargaidh sa talmhaíocht nó san iascach, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(3), i dtaobh an ndéanfar an sásra speisialta faireachais sin a chur i bhfeidhm, agus cinnfidh sé cad iad na táirgí a mbeidh an sásra faireachais sin le cur i bhfeidhm maidir leo.

2. I gcás ina ndéanfar Roinn I den Chaibidil seo a chur i bhfeidhm maidir le táirgí i gCaibidil 1 go Caibidil 24 den Chomhtharaif Chustaim mar atá leagtha síos le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, ar táirgí de thionscnamh tíortha is tairbhíthe iad, déanfar an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 24(4) den Rialachán seo a laghdú go dhá mhí sna cásanna seo a leanas:
 - (a) i gcás nach n-áirithíonn an tír is tairbhí lena mbaineann comhlíonadh na rialacha tionscnaimh nó i gcás nach soláthraíonn sí an comhar riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 21; nó

- (b) i gcás ina bhfuil allmhairithe táirgí a thagann faoi Chaibidil 1 go Caibidil 24 den Chomhtharaif Custaim mar atá leagtha síos le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, faoi na socrúithe fabhracha a dheonaítear faoin Rialachán seo, i bhfad os cionn gnáthleibhéil na n-onnmhairí ón tír is tairbhí lena mbaineann.

CAIBIDIL VII

Forálacha coitianta

Airteagal 33

1. Chun tairbhiú de na fabhair tharaife, is de thionscnamh tíre is tairbhí a bheidh na táirgí a n-éileofar na fabhair tharaife ina leith.
2. Chun críocha na socrúithe fabhair dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, is iad na rialacha atá leagtha síos i Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 a bheidh sna rialacha maidir le coincheap na dtáirgí tionscnaimh a shainmhíniú agus maidir leis na nósanna imeachta agus na modhanna comhair riaracháin a bhaineann leo.

Airteagal 34

1. I gcás ina ndéantar ráta dleachta ad valorem ar dhearbhú allmhaire aonair a laghdú go 1 % nó níos lú i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfar an dleacht sin ina hiomláine a fhionraí.

2. I gcás ina ndéantar ráta dleachta sonraí ar dhearbhú allmhaire aonair a laghdú go EUR 2 nó níos lú in aghaidh gach méid arna ríomh in euro i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfar an dleacht sin ina hiomláine a fhionraí.
3. Faoi réir mhír 1 agus mhír 2, déanfar ráta deiridh na dleachta fabhraí arna ríomh i gcomhréir leis an Rialachán seo a shlánú síos go dtí an chéad ionad deachúlach.

Airteagal 35

1. Is í an fhoinse staidrimh a bheidh le húsáid chun críche an Rialacháin seo staidreamh maidir le trádáil sheachtrach an Choimisiúin (Eurostat).
2. Déanfaidh na Ballstáit a sonraí staidrimh faoi tháirgí atá faoi réir an nós imeachta custaim maidir le scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta faoi na fabhair tharaife de réir Rialachán (CE) Uimh. 471/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le staidreamh Comhphobail a bhaineann le trádáil eachtrach le tíortha nach Ballstáit iad¹ a chur chuig an gCoimisiún (Eurostat). Na sonraí sin, arna soláthar trí thagairt a dhéanamh do chóid na hAinmníochta Comhcheangailte agus, i gcás inarb infheidhme, do na cóid TARIC, léireoidh siad, de réir tíre tionscnaimh, na luachanna, na cainníochtaí agus aon aonaid bhreise a éilítear i gcomhréir leis na sainmhínte sa Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 8(1) den Rialachán sin, déanfaidh na Ballstáit na sonraí staidrimh sin a tharchur tráth nach déanaí ná 40 lá tar éis dheireadh gach tréimhse tagartha míosúla. Chun faisnéis a éascú agus trédhearcacht a mhéadú, áiritheoidh an Coimisiún freisin go gcuirfear na sonraí ábhartha staidrimh do na ranna GSP ar fáil go rialta i mbunachar sonraí poiblí.

¹ IO L 152, 16.6.2009.

3. I gcomhréir le hAirteagal 308d de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93, cuirfidh na Ballstáit ar aghaidh chuig an gCoimisiún arna iarraidh sin dó, sonraí maidir le cainníochtaí agus luachanna táirgí a ndearnadh iad a scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta faoi na fabhair tharaife le linn na míonna roimhe sin. Beidh na táirgí dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo ar áireamh sna sonraí sin.
4. Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar le Ballstáit, faireachán ar allmhairithe táirgí a thagann faoi chóid 0603, 0803 00 90 10, 1006, 1604 14, 1604 19 31, 1604 19 39, 1604 20 70, 1701, 1704, 1806 10 30, 1806 10 90, 2002 90, 2103 20, 2106 90 59, 2106 90 98, 6403, 2207 10 00, 2207 20 00, 2909 19 10, 3814 00 90, 3820 00 00 agus 3824 90 97 na hAinmníochta Comhcheangailte, chun a chinneadh cé acu atá na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 22, in Airteagal 29 agus in Airteagal 30 á gcomhlíonadh nó nach bhfuil.

Airteagal 36

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagail 3, 5, 6, 8, 9, 10, 11, 15, 16, 17, 19, 20 agus 22 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse éiginnte ó ... * .

* IO: Cuir isteach le do thoil - dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 3, 5, 6, 8, 9, 10, 11, 15, 16, 17, 19, 20 nó 22 a chúlghairm tráth ar bith. Cuirfidh cinneadh maidir le cúlghairm deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh. Gabhfaidh éifeacht leis ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith ag an am céanna.
5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3, 5, 6, 8, 9, 10, 11, 15, 16, 17, 19, 20 nó 22 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 37

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe, a ghlactar faoin Airteagal seo, i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach léirítear aon agóid i gcomhréir le mír 2. Sonrófar san fhógra a chuirfear chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le gníomh tarmligthe na cúiseanna ar baineadh úsáid as an nós imeachta práinne.
2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gnímh tharmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 36(5). Sa chás sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm gan mhoill tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh chun agóid a dhéanamh.

Airteagal 38

1. Ní dhéanfar faisnéis a fhaightear de bhun an Rialacháin seo a úsáid ach amháin chun na críche ar ina leith a iarradh í.
2. Ní dhéanfar faisnéis de ghné rúnda a fhaightear de bhun an Rialacháin seo, ná aon fhaisnéis a sholáthraítear ar bhonn rúnda agus a fhaightear de bhun an Rialacháin seo, a nochtadh gan cead sonracha a fháil ó sholáthróir na faisnéise sin.

3. I ngach iarraidh ar rúndacht, luafar na cúiseanna leis an bhfaisnéis a bheith rúnda. Más rud é, áfach, nach mian le soláthróir na faisnéise an fhaisnéis a phoibliú ná nochtadh na faisnéise i dtéarmaí ginearálta nó i bhfoirm achoimre a údarú agus go ndealraíonn sé nach bhfuil údar maith leis an iarraidh ar rúndacht, féadfar neamhshuim a dhéanamh den fhaisnéis lena mbaineann.
4. Ar chaoi ar bith, measfar go bhfuil gach faisnéis rúnda más rud é gur dóigh go mbeadh éifeacht dhiobhálach ar shlí shuntasach ag a nochtadh ar sholáthróir nó ar fhoinsé faisnéise den sórt sin.
5. Ní fhágfaidh mír 1 go mír 4 nach bhféadfaidh údaráis an Aontais tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis ghinearálta agus, go háirithe, do chúiseanna ar a bhfuil cinntí a dhéantar de bhun an Rialacháin seo bunaithe. Mar sin féin, cuirfidh na húdaráis sin san áireamh leas dlisteanach na ndaoine nádúrtha agus na ndaoine dlítheanacha lena mbaineann ionas nach ndéanfar a gcuid rún gnó a nochtadh.

Airteagal 39

1. Beidh an Coiste um Fahbair Ghinearálaithe, arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 732/2008, de chúnamh ag an gCoimisiún. Is é a bheidh sa Choiste sin Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Féadfaidh an Coimisiún aon ábhar a scrúdú a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, arna tharraingt anuas ag an gCoimisiún nó arna iarraidh sin ag Ballstát.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
4. I gcás ina ndéantar don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i dteannta Airteagal 5 den Rialachán sin.

Airteagal 40

Faoin 1 Eanáir 2016 agus gach dhá bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar éifeachtaí na scéime a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena gcuimseofar an tréimhse dhá bhliain is déanaí agus na socruithe fabhracha uile dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

Faoin ...*, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Féadfadh togra reachtach, i gcás inarb iomchuí, a bheith ag gabháil le tuarascáil den sórt sin.

Airteagal 41

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá leagtha amach in Iarscríbhinn X.

* IO: Cuir isteach le do thoil an dáta - cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

CAIBIDIL VIII

Forálacha críochnaithe

Airteagal 42

1. Aon imscrúdú nó nós imeachta um aistarraingt shealadach a tionscnaíodh agus nár críochnaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 732/2008, ath-thionscnófar é go huathoibríoch faoin Rialachán seo, seachas maidir le tír is tairbhí den socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas faoin Rialachán sin má bhaineann an t-imscrúdú leis na sochair a deonaíodh faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas agus leo sin amháin. Ath-thionscnófar an t-imscrúdú sin go huathoibríoch, áfach, má chuireann an tír chéanna is tairbhí isteach ar an socrú speisialta dreasachta faoin Rialachán seo roimh an 1 Eanáir 2015.
2. Déanfar an fhaisnéis a fuarthas le linn imscrúdú a tionscnaíodh agus nár críochnaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 a chur san áireamh in aon imscrúdú ath-thionscanta.

Airteagal 43

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm aige ón ...* .

Beidh feidhm, áfach, ag na fabhair tharaife dá bhforáiltear faoi na socruithe fabhair dá dtagraítear in Airteagal 1(2) ón 1 Eanáir 2014.
3. *Beidh feidhm ag an scéim go dtí an 31 Nollaig 2023. Ní bheidh feidhm, áfach, ag an dáta éaga maidir leis an socrú speisialta do na tíortha is lú forbairt ná, a mhéid go ndéantar iad a chur i bhfeidhm i dteannta an tsocraithe sin, maidir le forálacha eile an Rialacháin seo.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

* IO: cuir isteach le do thoil dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Liosta na nIarscríbhinní

- Iarscríbhinn I - Tíortha atá cáilithe don scéim dá dtagraítear in Airteagal 3
- Iarscríbhinn II - Tíortha is tairbhithe den socrú ginearálta dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2)
- Iarscríbhinn III - Tíortha is tairbhithe den socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas dá dtagraítear i bPointe (b) d'Airteagal 1(2)
- Iarscríbhinn IV - Tíortha is tairbhithe den socrú speisialta do na tíortha is lú forbairt dá dtagraítear i bPointe (c) d'Airteagal 1(2)
- Iarscríbhinn V - Liosta na dtáirgí a áirítear sa socrú ginearálta dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2)
- Iarscríbhinn VI - Rialacha mionsonraithe chun Airteagal 8 a chur i bhfeidhm
- Iarscríbhinn VII - Rialacha mionsonraithe chun Caibidil III den Rialachán seo a chur i bhfeidhm
- Iarscríbhinn VIII - Coinbhinsiúin dá dtagraítear in Airteagal 9
- Iarscríbhinn IX - Liosta na dtáirgí a áirítear sa socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 1(2)
- Iarscríbhinn X - Tábla Comhghaoil

IARSCRÍBHINN I

Tíortha atá cáilithe¹ don scéim dá dtagraítear in Airteagal 3

Colún A: cód aibíteach, i gcomhréir le hainmníocht tíortha agus críoch a úsáidtear i gcomhair staidreamh an Aontais maidir le trádáil eachtrach

Colún B: ainm

A	B
AE	Aontas na nÉimíochtaí Arabacha
AF	an Afganastáin
AG	Antigua agus Barbúda
AL	an Albáin
AM	An Airméin
AO	Angóla
AR	an Airgintín
AZ	An Asarbaiseáin
BA	An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin
BB	Barbadós
BD	an Bhanglaidéis
BF	Buircíne Fasó
BH	Bairéin
BI	An Bhurúin
BJ	Beinin
BN	Brúiné Darasalám
BO	an Bholáiv

¹ Áirítear sa liosta seo tíortha a bhféadfadh a bhfabhair a bheith aistarraingthe nó curtha ar fionraí go sealadach. Beidh an Coimisiún nó údaráis inniúla na tíre lena mbaineann in ann liosta arna thabhairt cothrom le dáta a sholáthar

BR	an Bhrasaíl
BS	Na Bahámaí
BT	an Bhútáin
BW	an Bhotsuáin
BY	an Bhealarúis
BZ	an Bheilís
CD	Poblacht Dhaonlathach an Chongó
CF	Poblacht na hAfraice Láir
CG	an Congó
CI	an Cósta Eabhair
CK	Oileáin Cook
CL	An tSile
CM	Camarún
CN	Daon-Phoblacht na Síne
CO	an Cholóim
CR	Cósta Ríce
CU	Cúba
CV	Rinn Verde
DJ	Djibouti
DM	Doiminice
DO	An Phoblacht Dhoiminiceach
DZ	an Ailgéir
EC	Eacuadór
EG	an Éigipt
ER	An Eiritré
ET	An Aetóip
FJ	Fidsí
FM	Stáit Chónaidhme na Micrinéise

GA	an Ghabúin
GD	Greanáda
GE	An tSeoirsia
GH	Gána
GM	An Ghaimbia
GN	An Ghuine
GQ	An Ghuine Mheánchreasach
GT	Guatamala
GW	Guine Bhissau
GY	an Ghuáin
HK	Hong Cong
HN	Hondúras
HR	an Chróit
HT	Háití
ID	an Indinéis
IN	an India
IQ	an Iaráic
IR	an Iaráin
JM	Iamáice
JO	an Iordáin
KE	an Chéinia
KG	Poblacht na Círgise
KH	an Chambóid
KI	Cireabaití
KM	Oileáin Chomóra
KN	San Críostóir-Nimheas
KW	Cuáit
KZ	an Chasacstáin

LA	Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laos
LB	an Liobáin
LC	St Lucia
LK	Srí Lanca
LR	An Libéir
LS	Leosóta
LY	Jamahiryá Arabach na Líbia
MA	Maracó
MD	Poblacht na Moldóive
ME	Montainéagró
MG	Madagascar
MH	Oileáin Marshall
MK	Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine
ML	Mailí
MM	Burma/Maenmar
MN	an Mhongóil
MO	Macao
MR	An Mháratáin
MU	Oileán Mhuirís
MV	Oileáin Mhaildíve
MW	An Mhaláiv
MX	Meicsiceo
MY	an Mhalaeisia
MZ	Mósaimbíc
NA	an Namaib
NE	An Nígir
NG	An Nigéir
NI	Nicearagua

NP	Neipeal
NR	Nárú
NU	Niue
OM	Oman
PA	Panama
PE	Peiriú
PG	Nua-Ghuine Phapua
PH	na hOileáin Fhilipíneacha
PK	an Phacastáin
PW	Palau
PY	Paragua
QA	Catar
RU	Cónaidhm na Rúise
RW	Ruanda
SA	an Araib Shádach
SB	Oileáin Sholamón
SC	Na Séiséil
SD	An tSúdáin
SL	Siarra Leon
SN	An tSeineagáil
SO	An tSomáil
SR	Suranam
ST	São Tomé agus Príncipe
SV	an tSalvadóir
SY	Poblacht Arabach na Siria
SZ	an tSuasalaínn
TD	Sead

TG	Tóga
TH	an Téalainn
TJ	an Táidsíceastáin
TL	Tíomór Thoir
TM	an Tuircméanastáin
TN	an Túinéis
TO	Tonga
TT	Oileáin na Tríonóide agus Tobága
TV	Tuvalu
TZ	an Tansáin
UA	An Úcráin
UG	Uganda
UY	Uragua
UZ	an Úisbéiceastáin
VC	San Uinseann agus na Greanáidíní
VE	Veiniséala
VN	Vítneam
VU	Vanuatú
WS	Samó
XK	an Chosaiv ¹
XS	an tSeirbia
YE	Éimin
ZA	an Afraic Theas
ZM	An tSaimbia
ZW	an tSiombáib

¹ Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244 (1999) ó Chomhairle Slándála na NA agus le Tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

Tíortha atá cáilithe don scéim dá dtagraítear in airteagal 3,
ar tíortha iad a aistarraingíodh go sealadach ón scéim,
maidir leis na táirgí uile nó le táirgí áirithe de thionscnamh na dtíortha sin.

Colún A: cód aibíteach, i gcomhréir le hainmníocht tíortha agus críoch a úsáidtear
i gcomhair staidreamh an Aontais maidir le trádáil eachtrach

Colún B: ainm

A	B
BY	an Bhealarúis
MM	Burma/Maenmar

IARSCRÍBHINN II

Tíortha is tairbhithhe¹ den socrú ginearálta
dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2)

Colún A: cód aibíteach, i gcomhréir le hainmníocht tíortha agus críoch a úsáidtear
i gcomhair staidreamh an Aontais maidir le trádáil eachtrach

Colún B: ainm

A	B
AF	an Afganastáin
AM	An Airméin
AO	Angóla
AZ	An Asarbaiseáin
BD	an Bhanglaidéis
BF	Buircíne Fasó
BI	An Bhurúin
BJ	Beinin
BO	an Bholáiv
BT	an Bhútáin
CD	Poblacht Dhaonlathach an Chongó
CF	Poblacht na hAfraice Láir
CG	an Congó
CK	Oileáin Cook
CN	Daon-Phoblacht na Síne
CO	an Cholóim

¹ Áirítear sa liosta seo tíortha a bhféadfadh sé go ndearnadh a bhfabhair a aistarraingt go sealadach nó a fhionraí. Beidh an Coimisiún nó údaráis inniúla na tíre lena mbaineann in ann liosta cothrom le dáta a sholáthar.

CR	Cósta Ríce
CV	Rinn Verde
DJ	Djibouti
EC	Eacuadór
ER	An Eiritré
ET	An Aetóip
FM	Stáit Chónaidhme na Micrinéise
GE	An tSeoirsia
GM	An Ghaimbia
GN	An Ghuine
GQ	An Ghuine Mheánchreasach
GT	Guatamala
GW	Guine Bhissau
HN	Hondúras
HT	Háití
ID	an Indinéis
IN	an India
IQ	an Iaráic
IR	an Iaráin
KG	Poblacht na Cirgise
KH	an Chambóid
KI	Cireabaití
KM	Oileáin Chomóra
LA	Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laos
LK	Srí Lanca
LR	An Libéir
LS	Leosóta

MG	Madagascar
MH	Oileáin Marshall
ML	Mailí
MM	Burma/Maenmar
MN	an Mhongóil
MR	An Mháratáin
MV	Oileáin Mhaidíve
MW	An Mhaláiv
MZ	Mósaimbíc
NE	An Nígir
NG	An Nigéir
NI	Nicearagua
NP	Neipeal
NR	Nárú
NU	Niue
PA	Panama
PE	Peiriú
PH	na hOileáin Philipíneacha
PK	an Phacastáin
PY	Paragua
RW	Ruanda
SB	Oileáin Sholamón
SD	An tSúdáin
SL	Siarra Leon
SN	An tSeineagáil
SO	An tSomáil
ST	São Tomé agus Príncipe

SV	an tSalvadóir
SY	Poblacht Arabach na Siria
TD	Sead
TG	Tóga
TH	an Téalainn
TJ	an Táidsíceastáin
TL	Tíomór Thoir
TM	an Tuircméanastáin
TO	Tonga
TV	Tuvalu
TZ	an Tansáin
UA	An Úcráin
UG	Uganda
UZ	an Úisbéiceastáin
VN	Vítneam
VU	Vanuatú
WS	Samó
YE	Éimin
ZM	An tSaimbia

Tíortha is tairbhíthe den socrú ginearálta dá dtagraítear i bPointe (a) d'Airteagal 1(2),
ar tíortha iad a aistarraingíodh go sealadach ón socrú sin,
maidir leis na táirgí uile nó le táirgí áirithe de thionscnamh na dtíortha sin.

Colún A: cód aibíteach, i gcomhréir le hainmníocht tíortha agus críoch a úsáidtear
i gcomhair staidreamh an Aontais maidir le trádáil eachtrach

Colún B: ainm

A	B
MM	Burma/Maenmar

IARSCRÍBHINN III

Tíortha is tairbhithe¹ den socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 1(2)

Colún A: cód aibíteach, i gcomhréir le hainmníocht tíortha agus críoch a úsáidtear i gcomhair staidreamh an Aontais maidir le trádáil eachtrach

Colún B: ainm

A	B

¹ Áirítear sa liosta seo tíortha a bhféadfadh sé go ndearnadh a bhfabhair a aistarraingt go sealadach nó a fhionraí. Beidh an Coimisiún nó údaráis inniúla na tíre lena mbaineann in ann liosta cothrom le dáta a sholáthar.

Tíortha is tairbhíthe den socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas dá dtagraítear i bPointe (b) d'Airteagal 1(2), ar tíortha iad a aistarraingíodh go sealadach ón scéim, maidir leis na táirgí uile nó le táirgí áirithe de thionscnamh na dtíortha sin.

Colún A: cód aibíteach, i gcomhréir le hainmníocht tíortha agus críoch a úsáidtear i gcomhair staidreamh an Aontais maidir le trádáil eachtrach

Colún B: ainm

A	B

IARSCRÍBHINN IV

Tíortha is tairbhíthe¹ den socrú speisialta do na tíortha is lú forbairt dá dtagraítear
i bpointe (c) d'Airteagal 1(2)

Colún A: cód aibíteach, i gcomhréir le hainmníocht tíortha agus críoch a úsáidtear
i gcomhair staidreamh an Aontais maidir le trádáil eachtrach

Colún B: ainm

A	B
AF	an Afganastáin
AO	Angóla
BD	an Bhanglaidéis
BF	Buircíne Fasó
BI	An Bhurúin
BJ	Beinin
BT	an Bhútáin
CD	An Congó (Poblacht Dhaonlathach an Chongó)
CF	An Afraic Láir (Poblacht na hAfraice Láir)
DJ	Djibouti
ER	An Eiritré
ET	An Aetóip
GM	An Ghaimbia
GN	An Ghuine
GQ	An Ghuine Mheánchreasach

¹ Áirítear sa liosta seo tíortha a bhféadfadh sé go ndearnadh a bhfabhair a aistarraingt go sealadach nó a fhionraí. Beidh an Coimisiún nó údaráis inniúla na tíre lena mbaineann in ann liosta cothrom le dáta a sholáthar.

GW	Guine Bhissau
HT	Háití
KH	an Chambóid
KI	Cireabaití
KM	Oileáin Chomoros (Oileáin)
LA	Laos (Daonphoblacht Dhaonlathach Laos)
LR	An Libéir
LS	Leosóta
MG	Madagascar
ML	Mailí
MM	Burma/Maenmar
MR	An Mhárátáin
MV	Oileáin Mhaildíve
MW	An Mhaláiv
MZ	Mósaimbíc
NE	An Nígir
NP	Neipeal
RW	Ruanda
SB	Oileáin Sholamón
SD	An tSúdáin
SL	Siarra Leon
SN	An tSeineagáil
SO	An tSomáil
ST	São Tomé agus Príncipe
TD	Sead

TG	Tóga
TL	Tíomór Thoir
TV	Tuvalu
TZ	an Tansáin (Poblacht na Tansáine)
UG	Uganda
VU	Vanuatú
WS	Samó
YE	Éimin
ZM	An tSaimbia

Tíortha is tairbhíthe den socrú speisialta do na tíortha is lú forbairt dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 1 (2), ar tíortha iad a aistarraingíodh go sealadach ón scéim, maidir leis na táirgí uile nó le táirgí áirithe de thionscnamh na dtíortha sin.

Colún A: cód aibíteach, i gcomhréir le hainmníocht tíortha agus críoch a úsáidtear i gcomhair staidreamh an Aontais maidir le trádáil eachtrach

Colún B: ainm

A	B
MM	Burma/Maenmar

IARSCRÍBHINN V

Liosta na dtáirgí a áirítear sa socrú ginearálta
dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2)

D'ainneoin na rialacha maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte ('AC'), is ceart a mheas mar thuarisc tháscach an tuairisc ar na táirgí, mar go gcinntear na fabhair tharaife de réir na gcód AC. I gcás ina luaitear cóid AC a bhfuil 'ex' rompu, cinntear na fabhair tharaife de réir an chóid AC agus na tuairisce, le chéile.

Maidir le hiontrálacha táirgí le cóid AC atá marcáilte le réiltín (*), tá siad faoi réir coinníollacha a leagtar síos i ndlí ábhartha an Aontais.

Sa cholún 'Roinn' liostaítear ranna GSP (Airteagal 2(h))

Sa cholún 'Caibidil' liostaítear Caibidilí AC atá clúdaithe ag roinn GSP (Airteagal 2(i)).

Sa cholún "Íogair/Neamhíogair" tagraítear do na táirgí a áirítear i socrú ginearálta (Airteagal 6). Liostaítear na táirgí sin mar tháirgí N (neamhíogair, chun críocha Airteagal 7(1) nó Í (íogair, chun críocha Airteagal 7(2)).

Ar chúiseanna a bhaineann le simpliúchán, liostaítear na táirgí i ngrúpaí. Féadfar go n-áireofar iontu táirgí a ndearnadh dleachtanna na Comhtharfaí Custaim a aisghairm nó a fhionraí ina leith.

Roinn	Caibidil	Cód AC	Tuairisc	Íogair/ Neamhíogair
S-1a	01			
		0101 29 90	Capaill bheo, seachas ainmhithe folaíochta síolrúcháin, seachas lena marú	Í
		0101 30 00	Asail bheo	Í
		0101 90 00	Miúileanna beo agus ráinigh bheo	Í
		0104 20 10*	Gabhair folaíochta síolrúcháin, agus iad beo	Í
		0106 14 10	Coiníní clóis beo	Í
		0106 39 10	Colúir bheo	Í
	02	0205 00	Feoil ó chapail, ó asail, ó mhiúileanna nó ó ráinigh, í úr, fuaraithe nó reoite	Í
		0206 80 91	Miodamas in ite ó chapail, ó asail, ó mhiúileanna nó ó ráinigh, é úr nó fuaraithe, seachas chun táirgí cógaisíochta a mhonarú	Í
		0206 90 91	Miodamas in ite ó chapail, ó asail, ó mhiúileanna nó ó ráinigh, é reoite, seachas chun táirgí cógaisíochta a mhonarú	Í
		0207 14 91	Aenna, iad reoite, ó éanlaith den speiceas <i>Gallus domesticus</i>	Í
		0207 27 91	Aenna, iad reoite, ó thurcaithe	Í
		0207 45 95	Aenna, iad reoite, ó lachain, ó ghéanna nó ó éanlaith ghuine, seachas aenna sailleacha ó lachain nó ó ghéanna	Í
		0207 55 95		Í
		0207 60 91		Í

		0208 90 70	Cosa frog	N
		0210 99 10	Feoil ó chapail, í saille, faoi sháile nó triomaithe	Í
		0210 99 59	Miodamas ó bhó-ainmhithe, é saille, faoi sháile, triomaithe nó deataithe, seachas scairt thiubh agus scairt thanaí	Í
		ex 0210 99 85	Miodamas ó chaoirigh nó ó ghabhair, é saille, faoi sháile, triomaithe nó deataithe	Í
		ex 0210 99 85	Miodamas, é saille, faoi sháile, triomaithe nó deataithe, seachas ae éanlaithe, seachas ó mhucra clóis, ó bhó-ainmhithe nó ó chaoirigh nó ó ghabhair	Í
	04	0403 10 51	Iógart, é blaitithe nó iógart a bhfuil torthaí, cnónna nó cócó curtha leis	Í
		0403 10 53		
		0403 10 59		
		0403 10 91		
		0403 10 93		
		0403 10 99		
		0403 90 71	Bláthach, bainne gruthach agus uachtar gruthach, ceiffr, agus bainne agus uachtar coipthe nó aigéadaithe de chineál eile, iad blaitithe nó torthaí, cnónna nó cócó curtha leo	Í
		0403 90 73		
		0403 90 79		
		0403 90 91		
		0403 90 93		
		0403 90 99		

		0405 20 10	Leatháin déiríochta le cion saille, de réir meáchain, 39 % nó níos mó, ach nach mó ná 75 %	Í
		0405 20 30		
		0407 19 90	Uibheacha éan, sa bhlaosc, iad úr, leasaithe nó cócaráilte, seachas uibheacha éanlaithe clóis	Í
		0407 29 90		
		0407 90 90		
		0410 00 00	Táirgí inite de bhunadh ainmhíoch, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile	Í
	05	0511 99 39	Múscáin nádúrtha de bhunadh ainmhíoch, seachas cinn amha	Í
S-1b	03	ex Caibidil 3	Iasc, crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uiscí eile, seachas do tháirgí faoi fho-cheannteideal 0301 10 90	Í
		0301 19 00	Éisc ornáideacha sáile agus iad beo	N
S-2a	06	ex Caibidil 6	Crainn agus plandaí beo eile; bleibíní, fréamhacha agus a leithéidí; bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach, seachas do tháirgí faoi fho-cheannteideal 0603 12 00 agus 0604 91 40	Í
		0603 12 00	Bláthanna agus bachlóga lus na gile, úrgheartha, de chineál atá oiriúnach le haghaidh úsáide i gcrobhaing bláthanna nó chun críocha maisithe	N
		0604 20 40	Géaga buaircíneacha, iad úr	N
S-2b	07	0701	Prátaí, iad úr nó fuaraithe	Í
		0703 10	Oinniúin agus seallóidí, iad úr nó fuaraithe	Í
		0703 90 00	Cainneanna agus glasraí ailliacha eile, iad úr nó fuaraithe	Í
		0704	Cabáistí, có iliseacha, cálráib, cáil agus brasacaigh inite dá samhail iad úr nó fuaraithe	Í
		0705	Leitis oigheargheal (<i>Lactuca sativa</i>) agus siocaire (<i>Cichorium</i> spp.), iad úr nó fuaraithe	Í
		0706	Cairéid, tomapaí, meacáin bhíatais sailéid, salsabh, soiliriac, raidisí agus fréamhacha inite dá samhail, iad úr nó fuaraithe	Í

	ex 0707 00 05	Cúcamaí, iad úr nó fuaraithe, ón 16 Bealtaine go 31 Deireadh Fómhair	Í
	0708	Glasraí léagúmacha, bídis scilligthe nó ná bíodh, iad úr nó fuaraithe	Í
	0709 20 00	Lus súgach, é úr nó fuaraithe	Í
	0709 30 00	Ubhthorthaí, iad úr nó fuaraithe	Í
	0709 40 00	Soilire, seachas soiliriac, é úr nó fuaraithe	Í
	0709 51 00 ex 0709 59	Beacáin, iad úr nó fuaraithe, seachas na táirgí faoi fho-cheannteideal 0709 59 50	Í
	0709 60 10	Piobair mhilse, iad úr nó fuaraithe	Í
	0709 60 99	Torthaí den ghéineas <i>Capsicum</i> nó den ghéineas <i>Pimenta</i> , iad úr nó fuaraithe, seachas piobair mhilse, seachas chun capsaicin nó ruaimanna oiléaroisín capsacaim a mhonarú, agus seachas chun blátholaí nó roisineoidí a mhonarú go tionsclaíoch	Í
	0709 70 00	Spionáiste, spionáiste Nua-Shéalannach agus spionáiste eilifleoige (spionáiste gairdín), iad úr nó fuaraithe	Í
	ex 0709 91 00	Bliosáin chruinne, iad úr nó fuaraithe, ón 1 Iúil go 31 Deireadh Fómhair	Í
	0709 92 10*	Ológa, iad úr nó fuaraithe, le haghaidh úsáidí seachas ola a tháirgeadh	Í
	0709 93 10	Cuirséid, iad úr nó fuaraithe	
	0709 93 90 0709 99 90	Glasraí eile, iad úr nó fuaraithe	Í
	0709 99 10	Glasraí sailéid, iad úr nó fuaraithe, seachas leitís oigheargheal (<i>Lactuca sativa</i>) agus siocaire (<i>Cichorium spp.</i>)	Í
	0709 99 20	Biatas bán agus cardúin, iad úr nó fuaraithe	Í
	0709 99 40	Caprais, iad úr nó fuaraithe	Í
	0709 99 50	Finéal, é úr nó fuaraithe	Í

		ex 0710	Glasraí (gan chócaráil nó cócaráilte le gal nó beirithe in uisce), iad reoite, seachas an táirge faoi fho-cheannteideal 0710 80 85	Í
		ex 0711	Glasraí seal-leasaithe (mar shampla, le gás dé-ocsaíde sulfair, faoi sháile, in uisce sulfair nó i dtuaslagáin leasaitheacha eile), ach nach bhfuil oiriúnach lena gcaitheamh díreach sa staid sin, seachas na táirgí faoi fho-cheannteideal 0711 20 90	Í
		ex 0712	Glasraí triomaithe, iad iomlán, nó gearrtha, slisnithe, briste nó ina bpúdar, ach gan aon ullmhú breise déanta orthu, seachas ológa agus na táirgí faoi fho-cheannteideal 0712 90 19	Í
		0713	Glasraí léagúmacha triomaithe, iad scilligthe, bídís scafa nó scoilte nó ná biodh	Í
		0714 20 10 *	Prátaí milse, iad úr, iad iomlán, lena gcaitheamh ag an duine	N
		0714 20 90	Prátaí milse, iad úr, fuaraithe, reoite nó triomaithe, bídís slisnithe nó i bhfoirm millíní nó ná biodh, seachas prátaí milse, iad úr agus iad iomlán, lena gcaitheamh ag an duine	Í
		0714 90 90	Bliosáin ghréine agus fréamhacha agus tiúbair chomhchosúla a bhfuil méid mór ionúiline iontu, iad úr, fuaraithe, reoite nó triomaithe, bídís slisnithe nó millínithe nó ná biodh; laíon sáig	N
	08	0802 11 90	Almóinní, iad úr nó triomaithe, bídís scilligthe nó ná biodh, seachas cinn shearbha	Í
		0802 12 90		
		0802 21 00	Cnónna coill nó faoiseoga (<i>Corylus</i> spp.), iad úr nó triomaithe, bídís scilligthe nó ná biodh	Í
		0802 22 00		
		0802 31 00	Gallchnónna, iad úr nó triomaithe, bídís scilligthe nó ná biodh	Í
		0802 32 00		

	0802 41 00 0802 42 00	Castáin (<i>Castanea</i> spp.), iad úr nó triomaithe, bídis scilligthe nó scafa nó ná biodh	Í
	0802 51 00 0802 52 00	Cnónna piostáise, iad úr nó triomaithe, bídis scilligthe nó scafa nó ná biodh	N
	0802 61 00 0802 62 00	Cnónna Macadaimia, iad úr nó triomaithe, bídis scilligthe nó scafa nó ná biodh	N
	0802 90 50	Cnónna péine, iad úr nó triomaithe, bídis scilligthe nó scafa nó ná biodh	N
	0802 90 85	Cnónna eile, iad úr nó triomaithe, bídis scilligthe nó scafa nó ná biodh	N
	0803 10 10	Plantáin, iad úr	Í
	0803 10 90 0803 90 90	Banaí, lena n-áirítear plantáin, iad triomaithe	Í
	0804 10 00	Dátaí, iad úr nó triomaithe	Í
	0804 20 10 0804 20 90	Figí, iad úr nó triomaithe	Í
	0804 30 00	Anainn, iad úr nó triomaithe	Í
	0804 40 00	Abhacáid, iad úr nó triomaithe	Í
	ex 0805 20	Mandairíní (lena n-áirítear táinséiríní agus satsúmaí), agus cleimintíní, vuilcíní agus hibridí citris comhchosúla, iad úr nó triomaithe, ón 1 Márta go 31 Deireadh Fómhair	Í
	0805 40 00	Seadóga, lena n-áirítear pomalónna, iad úr nó triomaithe	N
	0805 50 90	Líomáí (<i>Citrus aurantifolia</i> , <i>Citrus latifolia</i>), iad úr nó triomaithe	Í
